Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí

Tuarascáil Bhliantúil 2018



Arna ullmhú ag an
Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
agus ag Grúpa Comhairleach Náisiúnta PPN.
www.gov.ie/drcd

14,846
bhall-eagraíocht

11,699 mball-eagraíocht chineál Pobail agus Deonach

502 bhall-eagraíocht Chomhshaoil

2,645 bhall-eagraíocht Uilechuimsitheachta Sóisialta

méadú
16%
i gcomparáid leis an mbliain 2017

924 Ionadaí ar **375** chomhlacht, idir Bhoird agus Choistí

CÓIMHEÁ INSCNE

52% **48%**

Raon leathan aighneachtaí áitiúla agus aighneachtaí náisiúnta

Láithreacht Mhéadaitheach ar na Meáin Shóisialta

27,863 Leantóir Facebook
6,130 Leantóir Twitter
7,176 chumarsáid mheán sóisialta

Buaicphointí na bliana 2018

Cumarsáid

380 Nuachtlitir Ar Líne

67 Seó Bóthair

seoladh **331,426** theachtaireacht ríomhphoist

Maoiniúchán Poiblí os cionn **€3.33m**

Méadú Acmhainneachta

386
Sheisiún Oiliúna

3,858
nduine i láthair

113
Chlár Oiliúna

soláthraíodh os cionn
1,188
n-uaire an chloig d'oiliúint

CLÁR

Brollach le Sean Canney, TD.
Aire Stáit i leith Forbairt Tuaithe, Acmhainní Nádúrtha agus Forbairt Dhigiteach **3**

Brollach le Cathaoirleach
Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) **4**

Réamhrá **5**

Gluais Téarmaí **7**

Roinn 1: **Ballraíocht** **10**

Roinn 2: **Ionadaíocht agus Cinnteoireacht** **11**

Roinn 3: **Cumarsáid agus PPN-anna a Chur Chun Cinn** **17**

Roinn 4: **Oiliúint agus Méadú Acmhainneachta** **21**

Roinn 5: **Bainistíocht, Riarachán agus Airgeadas** **23**

Roinn 6: **Obair i gcomhar leis an Údarás Áitiúil** **34**

Roinn 7: **Moltaí** **38**

Aguisín 1: **Mionsonraí Teagmhála PPN (Iúil 2019)** **43**

Aguisín 2: **Forléargas ar Ghníomhaíochtaí PPN** **44**

Aguisín 3: **Samplaí Comhairliúcháin** **46**

Carlow PPN

Cavan Public
Participation
Network

Clare
Public
Participation
Network

CORK CITY PPN
PUBLIC PARTICIPATION NETWORK

Cork County
Public
Participation
Network
Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
Contae Chorcaí

CO.DONEGAL
PUBLIC
PARTICIPATION
NETWORK
Do Chontae - Do Ghuth

Líonra
Rannpháirtíochta
Poblail
Chathair Bhaile Átha Cliath
Dublin City
Public
Participation
Network

DLR PPN
Dún Laoghaire-Rathdown
Public Participation Network

Fingal
Public
Participation
Network

Galway City Community Network
Líonra Pobail Chathair Na Gaillimhe

Galway County
Public
Participation
Network
Líonra Rannpháirtíochta Phoiblí
Chontae na Gaillimhe

Líonra Páirtíochta Pobail Chiarraí
KERRY PUBLIC PARTICIPATION NETWORK

Kildare
Public
Participation
Network

KILKENNY PPN
Public Participation Network

Laois
Public
Participation
Network

LEITRIM PPN

LIMERICK
PPN

Co. Longford Public Participation Network

Louth
Public Participation Network

Mayo
Public Participation
Network

Meath PPN
Your County, Your Voice!

CO. MONAGHAN
PUBLIC
PARTICIPATION
NETWORK

OFFALY
PUBLIC PARTICIPATION NETWORK

Roscommon
PPN

Sligo Public Participation Network
Líonra Rannpháirtíochta Pobail Shligigh

South Dublin County
Public
Participation
Network

PPN
TIPPERARY
PUBLIC PARTICIPATION NETWORK

Waterford
Public
Participation
Network

Westmeath
PPN
PUBLIC PARTICIPATION NETWORK
The Voice of the Community

County Wexford
PPN
Public Participation
Network

County Wicklow
PUBLIC PARTICIPATION NETWORK

Brollach le Sean Canney, TD.
Aire Stáit i leith Forbairt Tuaithe, Acmhainní Nádúrtha agus Forbairt Dhigiteach

Is cúis mhór áthais dom an tríú tuarascáil bhliantúil faoi Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí a fhoilsiú.

Tháinig Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí chun cinn mar thoradh ar an tuarascáil ón nGrúpa Oibre maidir le Rannpháirteachas Saoránach sa Rialtas Áitiúil a foilsíodh sa bhliain 2014 agus inar moladh go mbeadh ionchur méadaithe ann ó phobail i dtaca le cinnteoireacht ar leibhéal an rialtais áitiúil.

Is é atá i bpríomhról PPN-anna ná rannpháirtíocht agus ionadaíocht pobal ar chomhlachtaí cinnteoireachta, lena n-áirítear Coistí Áitiúla Forbartha Pobail agus Coistí Beartais Straitéisigh, a éascú ar bhealach cóir, cothrom, trédhearcach tríd an earnáil chomhshaoil, tríd an earnáil uilechuimsitheachta sóisialta agus tríd an earnáil dheonach.

Is minic a chloisimid faoin tslí ina mothaíonn daoine do bhfuil siad scartha ón Rialtas agus nach bhfuil ról acu maidir le cruthú ár bpobal ná maidir le rialú ár dtíre. Is ionann PPN-anna agus creat le haghaidh rannpháirteachas poiblí agus creat trína n-éascaítear sruth dhá bhealach faisnéise idir údaráis áitiúla agus pobail. Mar thoradh ar fhorbairt agus ar fhás PPN-anna, tá níos mó pobal ná riamh á gcumhachtú, a nascadh agus, rud níos tábhachtaí, á n-éascú maidir le teagmháil a dhéanamh leis an réimse rialtais áitiúil maidir le saincheisteanna a dhéanann difear dá bhfolláine agus dá bpobail.

Teist ar fhás na PPN-anna is ea gurb amhlaidh, ag deireadh na bliana 2018, go raibh 14,846 eagraíocht cleamhnaithe leis an líonra náisiúnta, sin méadú beagnach 2,000 laistigh de thréimhse 12 mhí. Measann grúpaí pobail de gach cineál agus de gach méid go bhfuil ballraíocht sa PPN fíorthábhachtach i leith deimhin a dhéanamh de go n-úsáidtear a dtuairimí agus tuairimí a bpobal mar fhoinse faisnéise maidir le forbairt beartais áitiúil agus beartais náisiúnta. Ós rud é go bhfuil éisteacht á tabhairt do thuairimí pobal ag níos mó na 370 coiste údaráis áitiúil ar fud na tíre, is cinnte go bhfuil rannpháirteachas saoránach ann.

Caithfidh mé comhghairdeas a dhéanamh le gach duine lena mbaineann i leith gnóthachtáil chomh hiontach sin laistigh de thréimhse chom h gairid sin. Is mian liom freisin tiomantas mo Roinne, agus, go deimhin, tiomantas an Rialtais, a dhaingniú maidir le tacú le PPN-anna chun a chinntiú go bhfuil deis ag gach saoránach ionchur a chur ar fáil le haghaidh na mbeartas atá á mbreithniú agus le haghaidh na gcinntí atá le déanamh ar beartais agus cinntí iad a imreoidh tionchar ar a saol, go háirithe ina bpobail áitiúla.

I dtaca leis sin de, agus rud nach bhfuil as alt i gcomhthéacs phrionsabal na rannpháirtíochta agus iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar ár bpobail mar áiteanna cónaithe, tagann na Spriocanna Domhanda, ar a dtugtar na Spriocanna maidir le Forbairt Inbhuanaithe (SDG-anna), faoi réim mo chúraim freisin. Tá 17 sprioc ann agus é mar aidhm acu aghaidh a thabhairt ar na gnéithe eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe agus clúdaíonn siad raon leathan saincheisteanna amhail bochtaineacht, sláinte, oideachas, athrú aeráide, comhionannas inscne agus ceartas sóisialta. Is spriocanna de chineál uilíocha iad agus baineann siad le tíortha forbartha agus le tíortha i mbéal forbartha araon agus baineann forbairt inbhuanaithe go dlúth leo.

Cuirtear na SDG-anna i bhfeidhm de réir meon comhpháirtíochta, á spreagadh do dhaoine ar fud an domhain na roghanna cearta a dhéanamh anois maidir leis an saol a fheabhsú ar mhodh inbhuanaithe ar mhaithe lenár leanaí agus ar mhaithe leis na glúnta a bheidh ann inár ndiaidh. Feictear domsa go bhfuil ceangal idir na spriocanna sin agus an obair atá ar siúl ag PPN-anna anois, a gcuid spriocanna dá bpobail agus na saincheisteanna a bhfuil sé beartaithe aghaidh a thabhairt orthu trí bhíthin na Spriocanna maidir le Forbairt Inbhuanaithe. Is é atá i gceist leis na spriocanna domhanda agus le hobair na PPN-anna araon ná féachaint le sochaithe comhionanna fónta a fhágáil do na glúnta atá le teacht. Tá na spriocanna sin inbhainte amach. Le go mbeidh rath ann tá gá le comhpháirtíocht idir an rialtas, an tsochaí shibhialta agus na saoránaigh de réir mar is amhlaidh i gcás na PPN-anna. Beidh SDG-anna mar an gcéanna agus tá sé de chumas acu a bheith ar cheann de na cora cinniúnacha is tábhachtaí i stair na linne seo. |

Séan Canney

Sean Canney
Aire Stáit i leith Forbairt Tuaithe, Acmhainní Nádúrtha agus Forbairt Dhigiteach

Brollach le Cathaoirleach Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN)

Ba bhliain spéisiúil eile í an bhliain 2018 i dtaca le forbairt Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (PPN-anna) ar bhonn náisiúnta. Cé is moite den fhás maith leantach ar an líon grúpaí atá cleamhnaithe le PPN-anna, i measc bhuaicphointí na bliana ar fiú é a lua, agus ar rud é a chabhróidh go mór le PPN-anna, lena mbaill agus lena bpobail, áirítear lainseáil Sraithe Uirlisí PPN le linn Chomhdháil 2018 PPN i mBaile Átha Luain, ar uirlisí iad chun forbairt a dhéanamh ar Fhíseanna Folláine Phobail PPN.

Maidir le forbairt Físe Folláine Phobail ina leagtar mach na príomh-shaincheisteanna a mheasann na ball-ghrúpaí i gceantar PPN a bheith tábhachtach dá bpobail, tá tábhacht ar leith acu i gcomhthéacs thoghcháin áitiúla 2019 ar lean roinnt athruithe ar bhallraíocht roinnt coistí údaráis áitiúil astu. Soláthróidh an Fhís treochlár d'ionadaithe láithreacha agus d'ionadaithe nua PPN ar na coistí éagsúla údaráis áitiúil lena chinntiú go ndéantar riachtanais a gcuid pobal ar leith a chur san áireamh in obair na gcoistí sin.

Bhain gné shuntasach eile le Comhdháil Bhaile Átha Luain sa mhéid gur cuireadh tús lena linn leis an obair a bhaineann le bunú Líonra Rúnaíochta den chineál céanna leis an Líonra Oibrithe Acmhainne PPN atá curtha ar bun cheana féin. Tá líonra na nOibrithe Acmhainne ar marthain agus á reáchtáil le tamall maith anois agus is léir gur gné bhreise an-úsáideach, an-éifeachtúil, an-thairbheach í i dtaca le hobair agus le forbairt PPN-anna. Gan aon agó, beidh tionchar chomh suntasach céanna ag an Líonra Rúnaíochta nua ar fhorbairt leanúnach na PPN-anna.

Tá an t-ádh orainn go bhfaigheann an líonra náisiúnta PPN-anna tacaíocht agus cúnamh ón nGrúpa Comhairleach Náisiúnta a bhfuil raon leathan eolais agus taithí ag a mbaill mar thoradh ar a gcuid cúlraí éagsúla. I mo cháil mar Chathaoirleach an Ghrúpa, gabhaim buíochas le gach uile bhall den Ghrúpa Comhairleach, idir bhaill láithreacha agus iarbhaill, as an am atá caite acu i mbun obair an Ghrúpa, as a dtiomantas i leith na hoibre sin agus, thar aon ní eile, as a ndíograis ina leith.

Chomh maith le tacú leis na tionscnaimh sin go léir sa bhliain 2018, beidh an Grúpa Comhairleach ag cur roinnt tionscnamh nua ar aghaidh sa bhliain 2019 chun tacú le forbairt leanúnach PPN-anna. I measc na dtionscnamh sin, áirítear uasdátú Lámhleabhar Úsáideoirí PPN, forbairt Straitéis Náisiúnta Chumarsáide PPN agus soláthar leanúnach oiliúna spriocdhírithe maidir le PPN-anna ar fud na bliana.

I dtaca leis an Roinn de, leanfaidh sí dá tacaíocht do PPN-anna, lena n-áirítear sainchláir oiliúna a chur ar fáil go leanúnach, tacaíocht don chóras sonraí Salesforce, Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú, Comhdháil Bhliantúil a reáchtáil agus teagmháil le PPN-anna ó lá go lá. Cúis ar leith áthais dúinn a bhí sa mhaoiniúchán breise a fuarthas ag deireadh na bliana 2018 chun fostú Oibrí Tacaíochta ag gach PPN sa bhliain 2019 a éascú agus cabhróidh an t-oibrí sin leis an Oibrí Acmhainní le linn clár oibre PPN a chur i gcrích.

Is grúpaí measartha nua iad na PPN-anna, tá siad ag fás agus táimid go léir ag foghlaim fós. I rith na bliana 2018, tháinig roinnt dúshlán chun cinn a mbíonn ar PPN-anna déileáil leo. Le cúnamh ón nGrúpa Comhairleach, táimid tar éis tús dearfach a chur leis an obair a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin ar mhodh uilechuimsitheach comhairleach agus tá mé dóchasach, ach sinn a bheith ag obair as lámha a chéile, go bhforbróimid réitigh a thacóidh le fás leanúnach PPN-anna.

Ciara Bates,
Cathaoirleach, Grúpa Comhairleach Náisiúnta PPN

RÉAMHRÁ

Croíphrionsabal de chuid an daonlathais is ea ról a thabhairt do dhaoine i leith na gcinntí a dhéanann difear dóibh agus dá saol. Tá níos mó i gceist le fíor-rannpháirtíocht ná vótáil (daonlathas ionadaíoch) agus cuimsíonn sé staid ina n-oibríonn na daoine agus an rialtas i gcomhar lena chéile chun bonneagar agus seirbhísí a chomhchruthú, chun fadhbanna a réiteach agus chun díriú ar leas gach uile dhuine de chuid na glúine seo agus de chuid na nglúnta atá le teacht (daonlathas pléghrúpa). Le fírinne, nuair a ghlactar cur chuige den sórt sin is gá difreálaigh chumhachta a chur ar leataobh agus iarracht ar leith a dhéanamh lena chinntiú go dtugtar éisteacht do ghuthanna agus do thuairimí daoine nach mbíonn tionchar acu de ghnáth agus go gcuirtear san áireamh iad.

Sa bhliain 2014, leasaíodh an tAcht Rialtais Áitiúil chun Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (PPN-anna) a thabhairt isteach. Aithníonn PPN rannchuidiú eagraíochtaí faoi cheannas oibrithe deonacha le caipiteal áitiúil eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil. Éascaíonn sé ionchur ó na heagraíochtaí sin le haghaidh obair an rialtais áitiúil trí struchtúr lena gcinntítear rannpháirtíocht agus ionadaíocht phoiblí i gcoistí cinnteoireachta laistigh den rialtas áitiúil. Tá PPN-anna bunaithe i ngach limistéar údaráis áitiúil in Éirinn. Faoi dheireadh na bliana 2018, bhí os cionn 14,800 eagraíocht de chineál pobail agus deonach, uilechuimsitheachta sóisialta agus comhshaoil ina mbaill de PPN. Táthar tar éis os cionn 900 ionadaí PPN a thoghadh chuig níos mó ná 370 coiste a bhíonn ag plé le saincheisteanna amhail beartas straitéiseach, forbairt pobail áitiúil, comhphóilíneacht agus mar sin de.

Oibríonn údaráis áitiúla agus PPN-anna i gcomhar lena chéile chun tacú le pobail agus chun acmhainneacht na mball-eagraíochtaí a mhéadú ionas go mbeidh siad in ann plé fónta a dhéanamh faoi shaincheisteanna a bhaineann leo. Tá ról suntasach ag PPN-anna i ndáil le forbairt agus oiliúint a mball-ghrúpaí, i ndáil le comhroinnt faisnéise, i ndáil le dea-chleachtas a chur chun cinn agus i ndáil le líonrú a éascú. Tá ról fíorthábhachtach ag údaráis áitiúla freisin i ndáil le rannpháirtíocht a éascú trí bhíthin próisis oscailte comhairliúcháin agus trí theagmháil ghníomhach. Is ionann fíortheagmháil a bhunú ag an leibhéal áitiúil agus próiseas forbarthach a bhfuil diansaothar agus dian-infheistíocht ina leith. Mar aitheantas dá ról tábhachtach, fuair PPN-anna méadú ar a gcuid acmhainní sa bhliain 2018 chun post an Oibrí Tacaíochta a mhaoiniú sa bhliain 2019 d'fhonn tacú le teagmháil níos fearr i bpobail agus d'fhonn a chinntiú gur féidir le PPN-anna iad féin a chur sa riocht a fhágfaidh gur 'mol' faisnéise iad agus, chomh maith leis sin, gurb urlabhraithe iad ar son cúrsaí beartais laistigh den cheantar lena mbaineann siad.

Ról an Ghrúpa Náisiúnta Chomhairligh

Sa tuarascáil ón nGrúpa Oibre ar Rannpháirtíocht Saoránach leis an Rialtas Áitiúil a cuireadh ar bun i Meán Fómhair 2013, rinneadh moltaí maidir le hionchur níos leithne agus níos ilchineálaí ó shaoránaigh i leith na bpróiseas cinnteoireachta ar leibhéal an rialtais áitiúil. Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Oibre i bhFeabhra 2014.

Sa tuarascáil sin, leagadh amach na bealaí ina bhféadfaí struchtúir agus próisis a neartú, is é sin le rá, na struchtúir agus na próisis ar tríothu a áiritheofar teagmháil na sochaí eagraithe sibhialta leis an rialtas áitiúil. Chun an méid sin a bhaint amach, mhol an Tuarascáil go ndéanfaí Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) a bhunú i ngach limistéar údaráis áitiúil lena chumasú don phobal ról gníomhach foirmiúil a bheith acu i gcoistí iomchuí déanta beartais agus formhaoirseachta an údaráis áitiúil.

Mhol Tuarascáil an Ghrúpa Oibre gur ceart faireachán a dhéanamh ar obair PPN-anna agus gur ceart measúnú a dhéanamh ar an obair sin go tráthrialta i gcomhréir le dea-chleachtas. Bunaíodh an chéad Ghrúpa Náisiúnta Comhairleach PPN sa bhliain 2016 chun na críche sin agus d'oibrigh sé go dtí Meán Fómhair 2017.

Bunaíodh dara Grúpa Náisiúnta Comhairleach PPN díreach tar éis dheireadh théarma oifige an chéad ghrúpa agus tá sé ionadaitheach go hiomlán do na geallsealbhóirí go léir. Tá ionadaí amháin ann sa Ghrúpa ó gach ceann ar leith de na hearnálacha Pobail agus Deonaí, Comhshaoil agus Uilechuimsitheachta Sóisialta, mar aon le triúr Oibrithe Deonacha PPN - duine ionadaí amháin ó gach ceann ar leith de na trí earnáil éagsúla - triúr oibrithe acmhainní PPN agus beirt bhall foirne Údaráis Áitiúil (duine amháin ar leibhéal Stiúrthóra Seirbhíse agus duine amháin a sholáthraíonn tacaíocht dhíreach do PPN). Feidhmíonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail mar chathaoirleach an Ghrúpa agus cuireann an Roinn sin na seirbhísí rúnaíochta ar fáil don Ghrúpa freisin. Tá ballraíocht an Ghrúpa Chomhairligh leagtha amach i dTábla 1.

Tábla 1: Comhaltas an Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta i rith na bliana 2018

Ainm	Ionadaí thar ceann
Ghlac Ciara Bates ionad Jason Kearney	An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD)
Catherine Lane Comhairle Náisiúnta na mBan	An Earnáil Phobail agus Dheonach
Seán Healy Ceartas Sóisialta Éireann	An Earnáil Uilechuimsitheachta Sóisialta
Michael Ewing An Colún Comhshaoil	An Earnáil Chomhshaoil
Jamie Moore PPN Fhine Gall	Oibrithe Acmhainní
Helen Howes PPN Chill Mhantáin	Oibrithe Acmhainní
Annette Barr-Jordan PPN na hIarmhí	Oibrithe Acmhainní
Aileen Eglington PPN Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Ionadaithe Oibrithe Deonacha - an Earnáil Phobail agus Dheonach
David Collins PPN Chontae na Gaillimhe	Ionadaithe Deonacha - an Earnáil Uilechuimsitheachta Sóisialta
Sadbh O'Neill ar ghlac Therese Donoghue a hionad PPN an Chláir	Ionadaithe Deonacha - an Earnáil Chomhshaoil
Donal Brennan Comhairle Chontae Laoise	Údaráis Áitiúla
Dymphna Farrell Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Údaráis Áitiúla

Chomh maith leis an ról faireacháin atá ag an nGrúpa, tá sé de chúram ar an nGrúpa Comhairleach comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maidir le forbairt na PPN-anna. Tá sé sin á dhéanamh trí phríomhthráscairí feidhmíochta le haghaidh PPN-anna agus údaráis áitiúla a fhorbairt i gcomhar leis an Roinn. Tugtar forléargas sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar an obair a rinne PPN-anna sa bhliain 2018 agus ba é an Grúpa Náisiúnta Comhairleach PPN a d'fhorbair í lena comhlánú ag PPN-anna agus ag Údaráis Áitiúla.

Modheolaíocht

Ag tús na bliana 2019, cheap agus chomhaontaigh an Grúpa Náisiúnta Comhairleach teimpléad comhairliúcháin agus scaipeadh é ar na PPN-anna agus ar na hÚdaráis Áitiúla go léir lena chomhlánú. Rinneadh na teimpléid chomhlánaithe a thiomsú i mbunachar sonraí ar mhaithe le hanailís a dhéanamh.

Tá 31 PPN ann agus chuir 29 gcinn acu tuarascálacha ar ais. Is iad PPN-anna Luimnigh agus Ros Comáin a bhfuil tuarascálacha le fáil uathu fós. Is ionann na sonraí atá ann sa tuarascáil seo agus léiriú ar an bhfaisnéis a fuarthas ó na contaetha a chuir tuairisceáin ar fáil. I gcásanna ina raibh sé indéanta, cuireadh sonraí ón mbliain 2017 san áireamh ach ní bheidh na sonraí sin inchomparáide go díreach le sonraí na bliana 2017 ós rud é nach raibh sonraí PPN Bhaile Átha Cliath Theas san áireamh i dtuarascáil 2017, de réir mar is amhlaidh sa tuarascáil seo, agus nach bhfuil PPN Ros Comáin san áireamh sa tuarascáil seo de réir mar ab amhlaidh sa bhliain 2017.

GLUAIS TÉARMAÍ

Tá raon leathan sainmhínithe ann a chlúdaíonn cineál agus scóip na rannpháirtíochta agus an rialtais áitiúil. Tá míniú le fáil anseo thíos ar chuid díobh:

Ciallaíonn **Grúpa Comhairleach** Grúpa Náisiúnta Comhairleach PPN (féach NAG freisin)

Is é atá i **mBaill Chomhlacha** ná grúpaí nach gcomhlíonann na critéir le haghaidh ballraíochta sa PPN.

Baineann **Pobal** le háit (amhail comharsanacht nó ceantar níos leithne ná sin), le féiniúlacht (amhail duine de ghrúpa eitneach), nó le réimse spéise (amhail comhthiomantas i measc daoine/grúpaí éagsúla, mar shampla, tiomantas i leith cearta daoine faoi mhíchumas).

Ciallaíonn **DoS** Stiúrthóir Seirbhísí (Údarás Áitiúil.

Déanann an **Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil** formhaoirseacht ar oibriú agus ar fhorbairt an chórais rialtais áitiúil agus soláthraíonn sí an creat beartais ar laistigh de a oibríonn údaráis áitiúla agus a sholáthraíonn siad seirbhísí do na pobail a ndéanann siad ionadaíocht thar a gceann agus a bhfónann siad dóibh. Le héifeacht ó mhí Iúil 2017, aistríodh an creat beartais maidir le LCDC-anna, LECP-anna agus PPN-anna ón Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil chuig an Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail. In Airteagal 28A de Bhunreacht na hÉireann tugtar aitheantas don ról atá ag rialtas áitiúil maidir le fóram a chur ar fáil le haghaidh ionadaíochta daonlathaí do phobail áitiúla, maidir le cumhachtaí a bheirtear le dlí a oibriú agus a chomhlíonadh.

Is í an **Chomhairle Thofa** fóram cinnteoireachta an údaráis áitiúil; gníomhaíonn baill na gceantar bardasach mar fhochumraíocht chinnteoireachta de chuid na comhairle ina hiomláine i leith limistéar an cheantair bhardasaigh lena mbaineann. Feidhmíonn Comhairlí Tofa (a fheidhmíonn ar leibhéal údaráis áitiúil nó ceantair bhardasaigh) 'feidhmeanna forchoimeádta' de réir mar atá sainmhínithe i raon leathan reachtaíochta. Is í an fheidhmeannacht a dhéanann bainistíocht ar údarás áitiúil ó lá go lá i.e. na hoifigigh lánaimseartha faoi cheannas an phríomhfheidhmeannaigh. Tá sé de dhualgas ar an bpríomhfheidhmeannach comhairle agus cúnamh a thabhairt don Chomhairle Thofa le linn di a feidhmeanna a fheidhmiú.

JPC: Comhchoiste Póilíneachta: Coiste Údaráis Áitiúil atá comhdhéanta de chomhairleoirí, TD-anna, Seanadóirí, Gardaí agus geallsealbhóirí seachtracha amhail PPN-anna agus a dhéanann tograí maidir le saincheisteanna a bhaineann le póilíneacht. Rinneadh socrú in Alt 36 d'Acht an Gharda Síochána chun JPC-anna a bhunú i ngach limistéar riaracháin Údaráis Áitiúil agus mar chud de struchtúir an Rialtais Áitiúil.

Cuirtear maoiniúchán **LAGS** ar fáil trí Ghrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla (LAG-anna) ar tríd a sholáthraítear maoiniúchán LEADER.

LCDC: Coiste Áitiúil Forbartha Pobail - Coiste Údaráis Áitiúil ar a bhfuil baill phoiblí agus baill phríobháideacha agus a dhéanann formhaoirseacht ar chláir forbartha pobail i gceantair áirithe, lena n-áirítear LEADER agus SICAP. De ghnáth, bíonn 5 bhall ag PPN-anna ar an gcoiste sin. Tá sé mar aidhm ag LCDC-anna cur chuige comhleanúnach, comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm i réimse na forbartha áitiúla agus na forbartha pobail.

LEADER: Clár maoiniúcháin a sholáthraítear tríd an LCDC agus arb é is aidhm dó ná tacaíocht a thabhairt i leith forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus comhshaoil i gceantair thuaithe. Is clár é LEADER trína dtugtar tacaíocht d'fhiontair phríobháideacha agus do ghrúpaí pobail chun tionscadail a chur i gcrích atá dírithe ar fheabhas a chur ar an gcaighdeán maireachtála i gceantair thuaithe agus ar spreagadh a thabhairt i ndáil le héagsúlú a dhéanamh ar ghníomhaíocht eacnamaíochta i gceantair thuaithe.

Nascghrúpa: Grúpa geallsealbhóirí PPN atá ag plé le saincheist ar leith agus a thagann le chéile chun moltaí beartais a dhéanamh agus a oibríonn go dlúth le hionadaí PPN ar Bhord nó ar Choiste iomchuí.

Údaráis Áitiúla (LA): Comhairlí Cathrach nó Contae. Tá ról tábhachtach acu maidir le tacaíocht a thabhairt i leith forbairt eacnamaíochta agus i leith fiontraíochta ar an leibhéal áitiúil. Tá tacaíocht Rialtais Áitiúil 'ar an láthair' thar a bheith tábhachtach a mhéid a bhaineann le rath cuid mhór tionscnamh atá ina n-ábhar spreagtha do phobail áitiúla. I measc na dtionscnamh sin áirítear féilte agus imeachtaí áitiúla, dearadh sráid-dreach agus scéimeanna athnuachana sráidbhaile, tacaíocht do mhicrifhiontair, do pháirceanna gnó agus d'aonaid ghoir, rannpháirteachas i dtionscadail fuinnimh, cur chun cinn leathanbhanda tuaithe, pleanáil a dhéanamh le haghaidh mór-infheistíochta sa gheilleagar glas.

Cuideachtaí Forbartha Áitiúla (LDC): Eagraíochtaí a bhfuil sé de chúram orthu tacú le forbairt eacnamaíochta agus shóisialta sna ceantair dá bhfónann siad. Go hiondúil, déantar conarthaí le LDC-anna chun cláir a chur i gcrích, is é sin le rá, cláir amhail an Clár Forbartha Tuaithe (LEADER), an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) agus Tús.

Leis an **Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014** déantar socrú maidir le raon athruithe ar eagrú agus ar obair na n-údarás áitiúil. I measc nithe eile, déantar socrú leis maidir le cónascadh roinnt údarás áitiúil, maidir le deireadh a chur le comhairlí baile, maidir le deireadh a chur le boird forbartha cathrach agus le boird forbartha contae agus maidir le bunú coistí áitiúla forbartha pobail agus déantar socrú leis maidir le raon athruithe ar na feidhmeanna a chuireann údaráis áitiúla i gcrích. Cuireadh tús le feidhm Alt 46 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 ar an 1 Meitheamh 2014 agus déantar socrú leis an alt sin maidir leis an mbunús dlíthiúil lena dtugtar éifeacht don Chreat le haghaidh Rannpháirtíocht Phoiblí agus le haghaidh na Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (PPN-anna).

Ciallaíonn **MOU** Meabhrán Tuisceana (comhaontú idir LA agus PPN).

Ceantar Bardasach (MD): Fo-rannán de chuid limistéar Údaráis Áitiúil. Tagann Comhairleoirí le chéile ar leibhéal Ceantair Bhardasaigh agus, chomh maith leis sin, ar leibhéal na comhairle ina hiomláine. Bunaíodh Ceantair Bhardasacha (MD-anna) tar éis theacht i bhfeidhm an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil sa bhliain 2014.

(n=XX) Léiríonn sé sin uimhir ar leith e.g. an líon freagraí, an líon daoine a d'fhreagair ceist áirithe.

Ciallaíonn **NAG** Grúpa Comhairleach Náisiúnta PPN,

Is ionann **eagraíochtaí neamhbhrabúis** agus eagraíochtaí arb é atá mar chuspóir acu ná aon ioncam farasbairr a chur ar ais san eagraíocht seachas díbhinn a íoc le scairshealbhóirí. Folaíonn sé raon ollmhór eagraíochtaí idir ghrúpaí beaga gan aon ioncam agus charthanais mhóra.

PPN Iomlánach: Ballghrúpaí uile de chuid PPN. Is é an PPN Iomlánach comhlacht críochnaitheach cinnteoireachta an PPN.

Ciallaíonn **Buiséad PPN** an tsuim bhliantúil a bhíonn ar fáil ag PPN ó DRCD, ó LA & ó fhoinsí eile.

Is é atá in **Salesforce** ná córas bainistíochta sonraí agus faisnéise a úsáideann na PPN-anna go léir. Ligeann an córas seo do PPN-anna faisnéis faoi dhaoine aonair, faoi mhionsonraí stórais agus faoi eagraíochtaí agus faoi ghrúpaí pobail agus líonra a cheapadh agus a bhainistiú, bainistíocht a dhéanamh ar mhaoiniúchán ó eagraíochtaí, bainistíocht a dhéanamh ar fheachtais amhail cumarsáidí ríomhphoist agus tuarascálacha saincheaptha a ghiniúint, gan trácht ar nithe eile.

Tá **SICAP** (An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail) ceaptha chun laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht agus chun uilechuimsitheacht shóisialta agus comhionannas a chur chun cinn. Oibríonn gach soláthraí SICAP le daoine aonair agus le grúpaí pobail araon i gcathair/gcontae nó i bhforannán de chathair/chontae agus iad ag díriú ar dhaoine atá thíos le míbhuntáiste agus ar cheantair atá ainmnithe mar cheantair faoi mhíbhuntáiste.

Ciallaíonn **SLA** Comhaontú Leibhéil Seirbhíse (idir PPN agus soláthraí seirbhíse de ghnáth).

Uilechuimsitheacht Shóisialta: gníomhaíocht atá dírithe ar fheabhas a chur ar sheansanna agus ar dheiseanna saoil daoine atá imeallaithe sa tsochaí, atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht nó atá dífhostaithe trí leas a bhaint as cur chuige forbartha pobail d'fhonn pobail inbhuanaithe a bhunú ina ndéantar luachanna an chomhionannais agus na huilechuimsitheachta a chur chun cinn agus ina n-urramaítear cearta an duine.

SPC (Coiste Beartais Straitéisigh): coistí áitiúla de chuid comhairlí cathrach agus contae ar coistí iad atá comhdhéanta de Chomhairlí Tofa agus d'ionadaithe ón réimse gnó, ón réimse talmhaíochta, ó ghrúpaí comhshaoil/caomhantais agus ó na ceardchumainn, mar aon le baill ón earnáil phobail agus dheonach. Tá sé de chúram ar na Coistí Beartais Straitéisigh (SPC-anna), ina gcáil mar choistí de chuid na comhairle, comhairle agus cúnamh a thabhairt don chomhairle maidir le ceapadh, forbairt agus athbhreithniú beartais. Níl aon chúram acu maidir le gnáthábhair oibríochtúla i leith seirbhísí a sholáthar. Tá an córas SPC ceaptha chun deis a thabhairt do chomhairleoirí agus do leasanna earnála iomchuí ról iomlán a bheith acu sa phróiseas ceaptha beartais ó na céimeanna is luaithe den phróiseas sin.

Is é atá i **bhForbairt Inbhuanaithe** ná forbairt a chuireann riachtanais an lae inniu san áireamh gan dochar a dhéanamh do chumas na nglúnta atá le teacht freastal ar a gcuid riachtanas féin.

Grúpa Téamach: Grúpa geallsealbhóirí PPN a oibríonn ar théama leathan beartais e.g. míchumas, uilechuimsitheacht shóisialta, inbhuanaitheacht.

Tús: Scéim sochrúcháin oibre pobail a sholáthraíonn deiseanna oibre gearrthéarma do dhaoine dífhostaithe.

Treoir Úsáideora: Sraith ilchodach Treoirlínte agus comhairle a eisíodh sa bhliain 2016 chun cabhrú le PPN-anna agus le geallsealbhóirí eile.

Is é atá in Eagraíochtaí faoi cheannas Oibrithe Deonacha ná eagraíochtaí atá á rialú ag grúpa oibrithe deonacha agus iad ag gníomhú mar choiste, mar bhord nó de réir struchtúr éigin eile. D'fhéadfadh baill foirne íoctha a bheith acu freisin chun gníomhú thar ceann an Bhoird.

Baineann **Folláine** le pobal a bhfuil freastal á dhéanamh ar a bhunriachtanais agus ina mothaíonn daoine go bhfuil ról fiúntach acu agus go bhfuil siad in ann spriocanna tábhachtacha a bhaint amach, páirt a ghlacadh sa tsochaí agus saol a chaitheamh a bhfuil meas acu air agus a bhfuil cúis acu le meas a bheith acu air.

Ciallaíonn **Grúpa Oibre** an Grúpa Oibre ar Rannpháirtíocht Saoránach. Cuireadh an grúpa seo ar bun i Meán Fómhair 2013. Ba é a bhí sa ról a bhí aige ná moltaí a dhéanamh i dtaobh ionchur níos leithne agus níos ilchineálaí a bheith ag saoránaigh sa phróiseas cinnteoireachta ar leibhéal an rialtais áitiúil. Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar an 28 Feabhra 2014.

Ciallaíonn **Oibrí** Oibrí Acmhainní.

ROINN 1:
BALLRAÍOCHT

Gabhann cuid mhór tairbhí le ballraíocht i PPN. Tar éis clárú le PPN gheobhaidh eagraíocht an méid seo a leanas:

- Rochtain ar fhaisnéis iomchuí faoi mhaoiniúchán agus faoi dheontais a sholáthraíonn an tÚdarás Áitiúil;
- Deis chun a gcuid gníomhaíochtaí a fhógairt i nuachtlitir PPN, ar láithreán gréasáin PPN agus le teachtaireachtaí ríomhphoist etc.;
- Rochtain ar imeachtaí méadaithe acmhainneachta agus oiliúna chun tacú leo ina gcuid oibre;
- Rochtain ar fhaisnéis faoi chinntí agus faoi thograí atá á ndéanamh ina gcontae/gcathair agus an cumas chun tuairimí agus ionchur a chur ar fáil ina leith, de réir mar is amhlaidh i gcás ball-eagraíochtaí eile;
- Deis chun líonrú a dhéanamh le heagraíochtaí eile sa chontae/chathair, agus foghlaim uathu, ar eagraíochtaí iad a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil do thionscadail den chineál céanna.
- Deis chun bheith mar chuid de Nascghrúpa le haghaidh Boird nó Coiste is díol spéise agus chun bheith in ann éisteacht a fháil dá dtuairimí agus rannchuidiú leis an mbeartas áitiúil;
- Deis chun baill a ainmniú le bheith ar Bhord nó ar Choiste thar ceann PPN.

Ní mór do gach eagraíocht ar leith rogha a dhéanamh i dtaobh páirt a ghlacadh i 'gcoláiste' amháin atá ionadaitheach dá bpríomhábhar spéise.

Tá méadú 16% tagtha ar bhallraíocht PPN-anna ó bhí an bhliain 2017 ann agus tá 14,846 bhall ann anois (agus Baill Chomhlacha san áireamh) sna 29 PPN a bhfuarthas tuairisceáin ina leith. Is eagraíochtaí Pobail agus Deonacha iad tromlach na mball fós (79%), is eagraíochtaí Uilechuimsitheachta Sóisialta iad 18% díobh agus is Eagraíochtaí Comhshaoil iad 3% díobh. I dTábla 2 anseo thíos, tugtar miondealú ar an mBallraíocht ar fad de réir cineál eagraíochta agus tá an méadú i ngach réimse ar leith, i gcomparáid leis an mbliain 2017, ar taispeáint ann.

Tábla 2: Comhdhéanamh bhallraíocht PPN do na blianta 2017 agus 2018*

Coláiste	2017 (n=29)	2018 (n=29)	iomlán % don bhliain 2018	méadú % i gcomparáid leis an mbliain 2018
An Earnáil Phobail agus Dheonach	10,014	11,699	79%	17%
An Earnáil Chomhshaoil	422	502	3%	19%
An Earnáil Uilechuimsitheachta Sóisialta	2,389	2,645	18%	11%
Iomlán	**12,825**	**14,846**	**100%**	**16%**

*Ar bhonn 29 dTuairisceán Agus Comhaltaí Comhlacha san áireamh

Chuir ocht PPN san iomlán Ballraíocht Chomhlach ar fáil go príomha le haghaidh eagraíochtaí nach gcomhlíonann na critéir ar fad maidir le ballraíocht ach a dteastaíonn uathu a bheith bainteach le PPN agus faisnéis a fháil. San iomlán, bhí 269 Bhall Chomhlacha ón earnáil Phobail agus Dheonach, 17 mBall Chomhlacha as an earnáil Chomhshaoil, agus 130 Ball Comhlach as an earnáil Uilechuimsitheachta Sóisialta (sin méadú 442% i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo) ag PPN-anna.

Rinne 15 PPN athchlárú iomlán agus rinne an chuid eile mionsonraí teagmhála a mball a uasdátú de réir mar a fuair siad faisnéis faoi athruithe.

ROINN 2:
IONADAÍOCHT AGUS CINNTEOIREACHT

Maidir leis an mbliain 2018, iarradh ar PPN-anna tuairisc a thabhairt ar an tslí ina ndeachaigh siad i gcomhairle lena mball-ghrúpaí a mhéid a bhain le dáileadh faisnéise, le freastal ar imeachtaí comhairliúcháin agus le haighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh. I dTábla 3, soláthraítear achoimre ar na gníomhaíochtaí a chuir PPN-anna i gcrích chun tacú lena mbaill a bheith páirteach i ndaonlathas pléghrúpa.

Tábla 3: Rannpháirtíocht i gComhairliúcháin, 2018

An Modh	I gCónaí	Uaireanta	Go hAnnamh	Riamh
Rinneadh faisnéis faoi chomhairliúcháin áitiúla a dháileadh i measc ball-ghrúpaí	27	2	0	0
Rinneadh faisnéis faoi chomhairliúcháin náisiúnta a dháileadh i measc ball-ghrúpaí	24	5	0	0
An líon Ionadaithe PPN a d'fhreastail ar imeachtaí comhairliúcháin mar ionadaithe don PPN	7	20	2	0
D'fhreastail an tOibrí Acmhainní ar imeachtaí comhairliúcháin mar ionadaí don PPN	6	20	2	1
Rinneadh aighneachtaí i scríbhinn maidir le comhairliúcháin, i gcáil PPN nó i gcáil foghrúpa (nascghrúpa etc.)	6	16	4	3
D'eagraigh an PPN comhairliúcháin lena bhaill (i.e. cruinnithe agus suirbhéanna a eagrú)*	4	21	0	3

*de réir 28 bhfreagra ar an gceist seo

De réir mar is léir i dTábla 3, rinne tromlach na PPN-anna faisnéis faoi chomhairliúcháin áitiúla agus faoi chomhairliúcháin náisiúnta a bhí ar siúl a chur ar fáil dá mbaill. D'fhreastail Oibrithe Acmhainní nó Ionadaithe PPN ar imeachtaí comhairliúcháin thar ceann an 'PPN' 'I gCónaí' nó 'Uaireanta' i dtromlach na gcásanna agus thuairiscigh an tromlach díobh go ndearna siad aighneachtaí i scríbhinn nó gur eagraigh siad a n-imeachtaí comhairliúcháin féin lena mbaill 'I gCónaí' nó 'Uaireanta'.

Thug na 29 PPN ar fad roinnt mionsonraí faoi chomhairliúcháin a raibh siad páirteach iontu agus tá an fhaisnéis sin le fáil in Aguisín 3.

Tacaíocht i leith Rannpháirtíochta

Chun a chumasú do PPN-anna páirt a ghlacadh, agus spreagadh a thabhairt dá mbaill páirt a ghlacadh, i gcomhairliúcháin, tá sé riachtanach go bhfaightear faisnéis chuí ar mhodh tráthúil. Iarradh ar PPN-anna aiseolas faoina dtuairim a thabhairt maidir leis an bpróiseas teagmhála agus tá an fhaisnéis sin leagtha amach i dTábla 4.

Tábla 4: Tacaíocht i leith Rannpháirtíochta, 2018

Tacaíocht	I gCónaí	Uaireanta	Go hAnnamh	Riamh
Faigheann an PPN fógra faoi gach comhairliúchán áitiúil agus faoi gach comhairliúchán náisiúnta.	9	20	0	0
Faigheann an PPN fógra faoi chomhairliúcháin údaráis áitiúil ar mhodh tráthúil (i.e. tá dóthain ama ann chun dul i gcomhairle leis na baill)	4	22	3	0
Is féidir leis an PPN rochtain a fháil ar aiseolas faoi na haighneachtaí a dhéanann sé maidir le comhairliúcháin*	8	16	3	0

*de réir 27 bhfreagra ar an gceist seo

De réir aiseolas a fuarthas ó na 29 PPN a chuir freagra ar fáil, is rí léir go bhfuil tuilleadh ama ag teastáil chun dul i gcomhairle le baill maidir le comhairliúcháin Údaráis Áitiúil. I measc na moltaí eile a rinneadh, áirítear an méid seo a leanas:

- Ról a thabhairt do PPN-anna ag céime pleanála agus forbartha an phróisis comhairliúcháin.
- Prionsabail Chomhairliúcháin agus Treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe (Samhain 2016) a chur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta araon.
- Go dtabharfaidh comhlachtaí comhairliúcháin aird ar phátrúin oibre séasúraí i.e. is lú an méid teagmhála a bhíonn ann le linn mhíonna an tsamhraidh agus sna seachtainí díreach roimh an Nollaig agus roimh an gCáisc agus díreach tar éis na Nollag agus na Cásca.
- Go mbeidh sé de cheangal ar Údaráis Áitiúla aiseolas a thabhairt faoi aighneachtaí a sholáthraíonn na PPN-anna.
- Tuilleadh acmhainní a chur ar fáil a dhíreofar ar ghrúpaí atá scartha go mór ó phróisis daonlathacha.
- Go mbíonn Údaráis gníomhach, ar bhonn inmheánach, lena chinntiú go mbíonn roinnt comhairliúchán á reáchtáil i gcomhthráth lena chéile.
- Go ndéanfaidh Údaráis Áitiúla sceideal comhairliúchán a ullmhú roimh ré (moltar tús na bliana mar phointe tosaigh).
- Caint Shoiléir a úsáid i ngach doiciméad comhairliúcháin.
- Go bhfaighidh baill foirne Údaráis Áitiúil tuilleadh oiliúna faoi ról an PPN.
- Go ndéanfar aighneachtaí maidir le comhairliúcháin a éascú ar bhealaí éagsúla, seachas a bheith ag brath ar chruinnithe poiblí ag am sonraithe.
- Prótacal Faisnéise a fhorbairt lena chinntiú go ndéanfar an fhaisnéis agus na doiciméid chomhairliúcháin go léir atá le scaipeadh go forleathan sa phobal a chur ar fáil tríd an PPN.
- Go mbeidh PPN-anna ar an liosta scaipeacháin ar an leibhéal rialtais áitiúil agus ar an leibhéal rialtais náisiúnta araon.

Ionadaíocht ar Chomhlachtaí Cinnteoireachta

I measc na bpríomhbhealaí inar féidir le PPN-anna tionchar díreach a imirt ar na cinntí a dhéantar ar leibhéal an rialtais áitiúil áirítear ionadaíocht ar Bhoird agus ar Choistí, amhail Coistí Beartais Straitéisigh, Comhchoistí Póilíneachta, Boird Chontae agus mar sin de. I dTábla 5, tugtar miondealú iomlán ar chomhdhéanamh Bord agus Coistí.

Tábla 5: Rannpháirtíocht Ionadaithe PPN ar Bhoird agus ar Choistí, 2018

	2018 (n=29)
An Líon Ionadaithe	924
Fir	483
Mná	441
Cion maidir le Fir: Mná	52:48
An líon Ionadaithe nua a toghadh	152
Fir	67
Mná	85
Cion maidir le Fir: Mná	45:55
An líon Ionadaithe a scoir d'oifig i rith na bliana	71
Fir	39
Mná	32
Cion maidir le Fir: Mná	54:46
An líon iomlán, idir Bhoird agus Choistí	375

Sa bhliain 2018, tháinig méadú ar an líon ionadaithe ar Bhoird agus ar Choistí, is é sin, ó 882 sa bhliain 2017 go 924 sa bhliain 2018 ach tháinig laghdú ar an líon Bord agus Coistí a raibh siad ina n-ionadaithe orthu, is é sin, ó 382 sa bhliain 2017 go 375 sa bhliain 2018.

Sa bhliain 2018, ba é a bhí sa líon suíochán a rabhthas san iomaíocht ina leith ná 74 agus ní raibh iomaíocht i gceist le 163 (is é sin, níor ceadaíodh nó ní bhfuarthas ach aon ainmniúchán in aghaidh an phoist). Ba é a bhí sa líon suíochán oscailte a bhí ar fáil sa bhliain 2018 le haghaidh ionadaithe PPN ar Bhoird agus ar Choistí ná 77.

De réir mar a thaispeántar i dTábla 5, tá líon na bhfear agus líon na mban, i dtaca le hionadaíocht ar Bhoird agus ar Choistí de, comhionann lena chéile, nach mór, agus bhí líon na mban a toghadh rud beag níos airde ná líon na bhfear a toghadh sa bhliain 2018. Ina theannta sin, scoir níos mó fear d'oifig sa bhliain 2018 ná mar a scoir mná.

Maidir leis na 28 PPN a d'fhreagair an cheist seo, thuairiscigh 16 cinn díobh (57%) go bhfeidhmíonn duine amháin ar a laghad thar ceann a PPN ar níos mó ná Bord nó Coiste amháin. De réir mar a luadh, ba é ba chúis leis sin ná deacracht maidir le daoine a mhealladh chuig na róil sin agus drogall a bheith ar roinnt PPN-anna scileanna na ndaoine ag a bhfuil poist faoi láthair a chailliúint. Thuairiscigh ceithre PPN go raibh sé beartaithe acu an staid sin a cheartú sa bhliain 2019 nuair a bheidh toghcháin ann.

Tacaíochtaí d'Ionadaithe PPN

Tugtar aitheantas do ról na nIonadaithe PPN ar fud an líonra PPN-anna agus tá meas mór ar an obair dheonach a dhéanann siad agus ar an taithí atá acu. Tá raon tacaíochtaí ann anois ar fud na PPN-anna do na hIonadaithe agus soláthraítear tuilleadh mionsonraí faoin ábhar seo i dTábla 6.

Tábla 6: Tacaíochtaí d'Ionadaithe PPN sa bhliain 2018

An Cineál Tacaíochta	An líon PPN-anna	An líon grúpaí (más infheidhme)	Nóta
Nascghrúpaí	26	124	
Grúpaí Téamacha/Gníomhaíochta	23	54	
Cairt Ionadaithe	26		
Oiliúint Shonrach d'Ionadaithe PPN	22		
Oiliúint do Nascghrúpaí	9		
Foirmeacha Aiseolais Cruinnithe le comhlánú ag Ionadaithe	25		
Líonra Áitiúil Ionadaithe PPN	13		
Tacaíocht ar bhonn pearsanta	29		Thuairiscigh 2 PPN gur cuireadh an tacaíocht seo ar fáil ar bhonn 'gá a bheith léi'.
Údarás Áitiúil/Óstach Coiste	18		

Lorgaíodh tuairimí faoi na tacaíochtaí seo agus chuir PPN-anna raon leathan tuairimí éagsúla maidir le héifeachtacht na dtacaíochtaí d'Ionadaithe. I roinnt cásanna, ba bhacainn í, ó thaobh leas a bhaint as tacaíochtaí, an deacracht a bhaineann le hIonadaithe a aimsiú a bheadh in ann dul i mbun an róil de réir mar is gá agus aiseolas a chur ar fáil. Is cosúil gur oibrigh tacaíochtaí pearsanta go maith sna PPN-anna go léir ach is tacaíochtaí iad atá dian ó thaobh cúrsaí acmhainne de. Bhí macasamhail cuid mhór de na tuairimí atá ann sa roinn seo le fáil sa roinn dar teideal 'Moltaí' agus, dá bhrí sin, déileáladh leo sa roinn sin den Tuarascáil seo.

Nascghrúpaí agus Grúpaí Téamacha

I gcás Nascghrúpaí nó Grúpaí Téamacha a bheith ann, d'fhéadfadh sé go mbaineann siad le raon réimsí ginearálta (mar shampla, Uilechuimsitheacht Shóisialta, Cúrsaí Comhshaoil, Sláinte agus Folláine, an earnáil Phobail agus Dheonach, Pleanáil agus Forbairt Straitéiseach, an Comhchoiste Póilíneachta agus mar sin de) nó le réimsí spéise de chineál níos sonraí (mar shampla, Daoine Scothaosta, Athrú Aeráide, Daoine faoi Mhíchumas, an Comhshaol agus Uisce agus mar sin de).

Maidir leis na 124 Nascghrúpa a tuairiscíodh iad a bheith ar marthain (Tábla 6), measadh 62 cheann díobh a bheith gníomhach, is é sin le rá, go seolann siad trí chruinniú nó níos mó sa bhliain (lena n-áirítear cruinnithe fíorúla). Tá an 62 Nascghrúpa sin ann ar fud na 26 PPN a thug freagra ar an gceist seo. Thuairiscigh dhá PPN déag go mbíonn a gcuid Nascghrúpaí i gcomhairle lena chéile ar bhonn fíorúil (is é sin, le ríomhphost, ar Facebook nó ar ardán fíorúil eile); ina theannta sin, thuairiscigh 11 PPN go mbíonn a gcuid Nascghrúpaí i dteagmháil lena chéile i bpearsa nó trí bhíthin cruinnithe; agus thuairiscigh trí cinn acu go mbíonn siad i gcumarsáid lena chéile tríd an Oibrí/gComhordaitheoir Acmhainní. Rinne roinnt PPN-anna cumarsáid trí mheascán de na bealaí cumarsáide sin.

Nuair a cuireadh ceist orthu faoi rannpháirtíocht thar Nascghrúpaí, d'fhreagair ceithre PPN go raibh an rannpháirtíocht sin 'Sármhaith'; thuairiscigh deich gcinn go raibh sí 'Maith'; thuairiscigh cúig cinn go raibh sí 'Meánach" agus thuairiscigh seacht gcinn go raibh sí 'Lag'. Nuair a cuireadh an cheist chéanna orthu maidir le Grúpaí Téamacha, d'fhreagair cúig PPN go raibh an rannpháirtíocht sin 'Sármhaith'; thuairiscigh deich gcinn go raibh sí 'Maith'; thuairiscigh cúig cinn go raibh sí 'Meánach" agus thuairiscigh trí cinn go raibh sí 'Lag'.

Maidir leis an gceist i dtaobh an dtoghann Nascghrúpaí Ionadaithe chuig an PPN, d'fhreagair 13 PPN go dtoghann agus d'fhreagair 13 cinn nach dtoghann. Thuairiscigh naoi PPN go toghann Grúpaí Téamacha Ionadaithe PPN agus thuairiscigh 15 cinn nach dtoghann. Tá sé ráite maidir le Grúpaí Téamacha go bhfuil siad ag éirí "níos tábhachtaí ná riamh" do na PPN-anna agus go bhfuil cur chuige comhoibríoch acu i gcás ina mbíonn forluí ann idir PPN-anna agus Údaráis Áitiúla i ndáil le téamaí áirithe.

Samplaí den obair a dhéanann Nascghrúpaí agus Grúpaí Téamacha

- Ceapachán beartaithe Oifigigh Oidhreachta i gCeatharlach.
- Seimineáir bhliantúla a óstáil do Phobal Míchumais an Chabháin tríd an Líonra Míchumais.
- Stocaireacht a dhéanamh maidir le taighde 'Piara go Piara' a chur san áireamh le linn meastachán a dhéanamh ar riachtanais chóiríochta an Lucht Siúil i gContae an Chláir.
- Trédhearcacht agus rochtain ar mhiontuairiscí Choiste Áitiúil Forbartha Pobail Chathair Chorcaí a chur chun cinn.
- Moltaí chun leathnú a dhéanamh ar bhallraíochta Choiste Áitiúil Forbartha Pobail Chontae Chorcaí le go mbeidh an coiste sin níos uilechuimsithí.
- Dlúthchaidreamh leis na Gardaí áitiúla tríd an gComhchoiste Póilíneachta i nDún na nGall.
- Aighneacht ón Líonra Téamach Míchumais maidir leis an gComhairliúchán ar Fhorbairt Fhaiche an Choláiste i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Togra chuig Comhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin maidir le pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a éascú ag na spásanna páirceála i bhforbairtí nua.
- Plean le haghaidh Oifigeach nua Rothaíochta agus Siúil tar éis d'Ionadaithe PPN Fhine Gall uiríll a dhéanamh.
- Uiríll ón SPC Comhshaoil, Áineasa agus Taitneamhachta agus ón Nascghrúpa Comhshaoil GCCN maidir le bithéagsúlacht a chosaint agus maidir le gnáthóga a chosaint ar shuaitheadh.
- Ionadaithe PPN Chontae na Gaillimhe a chinntíonn go mbíonn comhionannas rochtana ann i dtaca le maoiniúchán a sholáthraíonn Spórt Éireann.
- Scéimeanna Sábháilteachta agus Cothabhála Tí Cónaithe a chur chun cinn tríd an gComhchoiste Póilíneachta i gCiarraí.

- Aighneacht á iarraidh go mbeidh Laois ina "Crios Saor Ó Phóstaeir".
- Taighde ar Chóireáil Dramhuisce i Liatroim.
- Tacaíocht ón SPC maidir le ligean rogha-bhunaithe sa Longfort.
- Moladh ón Líonra Comhshaoil, trí SPC Iompair na Mí, go mbeadh amscálaí comhairliúcháin méadaithe ann le haghaidh tionscadail bhóthair.
- Nascghrúpa Uilechuimsitheachta Sóisialta i Muineachán a éascaíonn ceardlanna chun réimsí míbhuntáiste shóisialta sa chontae a shainaithint.
- Maoiniúchán comhshaoil a fháil tríd an gCoiste Áitiúil Forbartha Pobail in Uíbh Fhailí.
- Togra i leith 'gné ghlas' a bheith ann i nGradaim Ghnó Áitiúil Chomhlachas Tráchtála Shligigh.
- Tograí maidir le leathnú a dhéanamh ar chlár SICAP chuig ceantair nua i dTiobraid Árann tríd an gCoiste Áitiúil Forbartha Pobail.
- Ceannas ar bhunú an OPC ag Ionadaithe de chuid na Comhghuaillíochta Aoisbhá i bPort Láirge.
- Rannpháirtíocht iomlán ag Coiste Áitiúil Forbartha Pobail na hIarmhí i ndáil le cuspóirí straitéiseacha an Choiste a bhaint amach.
- Clár Píolótach chun Dul i nGleic le hUaigneas agus Leithlisiú i measc Daoine Scothaosta i Loch Garman.
- Tacaíochtaí do thionóntaí faoin scéim RAS, is é sin, tionóntaí ar athshealbhaigh iasachtóirí maoin a dtiarna talún i gCill Mhantáin.

Ionadaithe Ceantair Bhardasaigh

Thuairiscigh trí PPN déag go raibh Ionadaithe Ceantair Bhardasaigh acu. Bhí na tacaíochtaí a soláthraíodh do na hIonadaithe sin mórán mar an gcéanna leo sin dá dtagraítear i dTábla 6 agus reáchtáil roinnt PPN-anna cruinnithe sonracha nó cláir bhreise oiliúna dá nIonadaithe Ceantair Bhardasaigh

Thuairiscigh naoi PPN nach raibh aon Ionadaithe Ceantair Bhardasaigh acu. Is léir go mbeadh sé sin amhlaidh i gcás nach bhfuil ach Ceantar Bardasach amháin ann sa limistéar ach, i gcás ina raibh níos mó ná Ceantar Bardasach amháin ann, léirigh PPN-anna gurbh ábhar imní dóibh an deacracht a bhaineann le tiomantas a fháil ó bhaill ag an leibhéal seo agus gur féidir cruinnithe a a chónascadh le cruinnithe eile amhail cruinnithe de chuid Líonraí Sábháilteachta Pobail agus mar sin de.

ROINN 3:
CUMARSÁID AGUS PPN-ANNA A CHUR CHUN CINN

Tá cur in iúl ról agus chuspóirí an PPN fíorthábhachtach i leith ballghrúpaí láithreacha agus ballghrúpaí nua agus geallsealbhóirí eile a mhealladh. Bhí gach ceann de na 29 PPN-anna a chuir freagra ar fáil gníomhach maidir le cur chun cinn a PPN sa bhliain 2018. Bhí ról tábhachtach ag na meáin shóisialta i ndáil le cláir shóisialta na PPN-anna go léir agus baineadh úsáid fhorleathan as sainláithreáin ghréasáin, as leathanaigh Facebook agus as Twitter. Ós rud é go dtuigtear go bhfuil grúpaí ann nach n-úsáideann ardáin ar líne. rinne na PPN-anna cumarsáid trí imeachtaí poiblí agus trí ábhair chlóite freisin. I dTábla 7, tugtar miondealú ar na modhanna cumarsáide a úsáideadh, lena n-áirítear an líon PPN-anna a úsáideann gach modh ar leith agus an líon iomlán cumarsáidí a bhí ann.

Tábla 7: Cumarsáid de réir an mhodha a úsáideadh, 2018

An Modh Cumarsáide	An líon PPN-anna	An líon Cumarsáidí	An líon Leantóirí/ 'Is Maith Liom'
Nuachtlitir Phriontáilte	12	1,360	
Ríomh-Nuachtlitreacha Ar Líne	24	380	
Ríomhphost	24	331,426	
Láithreán Gréasáin*	24	18,052	
Facebook	23	5,654	27,863
Twitter	15	1,522	6,130
Seónna Bóthair PPN	15	67	
Rannpháirtíocht in imeachtaí a d'óstáil dreamanna eile	26	186	
Raidió Áitiúil	24	509	
Ábhair Phoiblíochta	29		
Úsáid a bhaint as Leabharlanna Áitiúla, Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh etc.	26		

* Thug 29 PPN freagra ar an gceist seo maidir le feidhmiúlacht láithreáin gréasáin, a bhfuil tuairisc ann ina leith níos déanaí sa tuarascáil seo, agus chuir PPN amháin in iúl go raibh á láithreán gréasáin á thógáil. Táthar ag glacadh leis, dá bhrí sin, gur mheas ceithre PPN, le linn freagra a thabhairt ar an gceist seo, nárbh ionann a láithreán gréasáin agus príomhbhealach cumarsáide.

I measc na n-ábhar poiblíochta a d'fhorbair PNN-anna áiríodh pinn, fáinní eochrach tralaí, eochracha USB, málaí, bileoga, meirgí aníos, maighnéid, fillteáin, láinnéir agus veisteanna ard-infheictheachta.

Tá an t-ábhar a chuirtear in iúl do bhaill chomh tábhachtach céanna leis na modhanna cumarsáide a úsáidtear. Chuige sin, iarradh ar PPN-anna mionsonraí a thabhairt, de réir liosta ar leith, faoin gcineál ábhar a cuireadh ar fáil (féach Tábla 8).

Tábla 8: Ábhar a cuireadh in iúl do bhaill, 2018

Ábhar a cuireadh in iúl	An líon PPN-anna
Imeachtaí PPN	29
Gníomhaíochtaí PPN	25
Folúntais PPN	26
Gníomhaíochtaí Ballghrúpaí	27
Tuarascálacha ó Ionadaithe PPN	16
Faisnéis faoi Mhaoiniúchán	29
Comhairliúcháin	29
Eile	9

Maidir leo siúd a thuairiscigh 'Eile' i leith an ábhair a cuireadh in iúl do bhaill, liostaigh siad ítimí amhail oiliúint, Fógairtí Seirbhíse Poiblí, faisnéis ón Údarás Poiblí faoi imeachtaí, faoi chruinnithe agus mar sin de.

Úsáid Salesforce

Úsáidtear Salesforce mar an príomhshásra trína ndéanann 28 PPN bainistíocht ar an mbunachar sonraí ballraíochta agus ar chúrsaí cumarsáide (féach Tabla 9 chun mio0ndealú a fháil). Is ionann sin agus feabhas suntasach i gcomparáid leis an mbliain 2017 tráth nach raibh ach 21 PPN ag baint úsáid as mar an príomhbhunachar sonraí a bhí acu. Maidir leis an PPN nach raibh Salesforce á úsáid acu sa bhliain 2018, chuaigh siad i mbun oiliúna i leith an chórais seo i rith na bliana agus cuireadh a mbunachar sonraí Salesforce i bhfeidhm i mí na Nollag 2018.

Tábla 9: Úsáid Salesforce i measc PPN-anna sa bhliain 2018

Úsáid Salesforce	An líon PPN-anna
Príomhbhunachar Sonraí	28
Próifílí na mBall	24
Baill a chlárú go díreach ón Láithreán Gréasáin	24
Teachtaireachtaí Ríomhphoist Ilseolaithe	26
Ríomh-Fheasacháin/Nuachtlitreacha a Sheoladh	22
Téacs-Theachtaireachtaí Ilseolaithe	11
Tinreamh ag Cruinnithe Iomlánacha a Rianú	7
Tinreamh ag cruinnithe Nascghrúpaí a Rianú	4
Tinreamh ag Cruinnithe Rúnaíochta a Rianú	8
Tinreamh ag Seisiúin Eagraithe Oiliúna PPN a Rianú	5
Tuarascálacha maidir leis an Líon Iomlán Ball a ullmhú	25
Tuarascálacha maidir leis an Líon Ball Toghlimistéir nó Ceantair Bhardasaigh a ullmhú	20
Tuarascálacha maidir le Ballraíocht de réir Colúin a ullmhú	24
Tuarascálacha maidir le Ballraíocht de réir Cúise a ullmhú	10
Tuarascálacha maidir le Teachtaireachtaí Ríomhphoist Preabtha a ullmhú	11
Tuarascálacha maidir le Rátaí Oscailte Teachtaireachtaí Ríomhphoist a ullmhú	6
Tuarascálacha maidir le Baill Ghníomhacha agus Baill Neamhghníomhacha a ullmhú	6
Tuarascálacha maidir le Struchtúir Ghrúpa a ullmhú.	5
Rannpháirtíocht i gcomhairliúcháin a rianú	2
Féilire	3
Deaiseanna	11

Feidhmiúlacht Láithreáin Gréasáin

San aois dhigiteach seo, tugtar rochtain ar fhaisnéis trí shainláithreán gréasáin. Thuairiscigh na 29 bhfreagróir ar fad go bhfuil láithreán gréasáin acu (agus ceann amháin acu á chur le chéile fós) agus baineann leibhéil éagsúla feidhmiúlachta leo de réir mar a shonraítear i dTábla 10.

Tábla 10: Feidhmiúlacht Láithreáin Gréasáin, 2018

Feidhmeanna	An líon PPN-anna
Liosta/Bunachar Sonraí na mBall	25
Miontuairiscí/Tuarascálacha Cruinnithe Rúnaíochta	13
Miontuairiscí/Tuarascálacha Cruinnithe Iomlánacha	14
Miontuairiscí/Tuarascálacha Cruinnithe Nascghrúpaí	8
Tuarascálacha ó Ionadaithe PPN	14
Nuachtlitreacha PPN	19
Fógraíocht/Nuacht faoi Imeachtaí na mBall	23
Liosta cothrom le dáta de na hIonadaithe PPN go léir	21
Beartais PPN atá glactha	19
Buiséid/Cuntais PPN atá glactha	7

ROINN 4:
OILIÚINT AGUS MÉADÚ ACMHAINNEACHTA

Soláthraíonn PPN-anna oiliúint thábhachtach saor in aisce nó ar chostas íseal dá mbaill, dá Rúnaíochtaí agus dá nIonadaithe chun tacú leo. D'fhéadfadh sé gur oiliúint de chineál teicniúil a bhíonn i gceist (mar shampla, an dianoiliúint a rinneadh ar fud na PPN-anna tar éis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chur i bhfeidhm go luath sa bhliain 2018 agus oiliúint maidir le Rialachas) nó d'fhéadfadh sé gur oiliúint í atá bunaithe ar scileanna boga (mar shampla, meantóireacht phearsanta agus Cleachtas Athmhachnamhach). Bíonn eagrú agus soláthar na hoiliúna agus an mhéadaithe acmhainneachta sin dian ó thaobh ama agus acmhainní de. Ach is cuid thábhachtach d'obair na PPN-anna na nithe sin agus cumasaíonn siad do na PPN-anna tacú lena bpobail. Tá roinnt samplaí de na cineálacha oiliúna a sholáthraítear liostaithe anseo thíos agus tá miondealú ar an am atá i gceist ar fáil i dTábla 11.

Samplaí de Chláir Oiliúna agus Méadaithe Acmhainneachta a chuir PPN-anna ar fáil sa bhliain 2018

- Dea-Rialachas le haghaidh eagraíochtaí neamhbhrabúis
- Salesforce
- An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
- Cleachtas Athmhachnamhach
- Ceardlanna maidir le Feasacht Idirchultúir
- Tionól Comhshaoil
- Sainoiliúint do Rúnaíochtaí/d'Ionadaithe
- Faisnéis faoi Scéimeanna Deontais
- Oiliúint maidir le Feasacht ar Mhíchumas
- Úsáid a bhaint as na Meáin Shóisialta
- An Dualgas Earnála Poiblí a chur i bhfeidhm
- Meantóireacht Phearsanta
- Forbairt Scileanna
- Scileanna Idirghabhála
- Athrú a Spreagadh i do Phobal
- Iarratais ar Mhaoiniúchán a Scríobh
- Ceardlanna maidir le Comórtas na mBailte Slachtmhara
- Oiliúint SDG (Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe)
- Oiliúint maidir le Feasacht ar Chultúr an Lucht Siúil
- Pleanáil agus Forbairt Uirbeach
- Féinmharú a Chosc agus Féindíobháil a Thuiscint
- CPR (Athbheochan Chardascamhógach)
- Turais Allamuigh
- Acht na gCarthanas
- Uirlisí Teicneolaíochta
- Sláinte agus Folláine
- Pleanáil Straitéiseach
- Buiséad 2019 agus na Tionchair a bhaineann leis
- Plean Oibre a Éascú
- Aireachas
- Laudato Si (Aire a Thabhairt Dár gComhionad Cónaithe – comhdháil faoi bhearta a bhaineann le hathrú aeráide ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal paróiste)

Chuir PPN amháin aonach oiliúna ar fáil sa bhliain 2018 agus é ar oscailt do gach Ball agus do ghrúpaí eile. D'éirigh chomh maith leis an aonach sin go bhfuil sé beartaithe é a reáchtáil arís.

I gcomhréir lena n-éiteas pobail, bíonn oiliúint ar fáil, más cuí, do gach ball agus do gach grúpa sa cheantar. Déantar oiliúint shonrach a fhorchoimeád, ar ndóigh, do ghrúpaí/chomhlachtaí ar leith (mar shampla, oiliúint don Rúnaíocht agus d'Ionadaithe agus an Tionól Comhshaoil a bhí oscailte do ghrúpaí Comhshaoil amháin).

Tábla 11: Oiliúint agus Méadú Acmhainneachta, Acmhainní agus Rochtain, 2018	
An líon clár oiliúna	113
An líon seisiún oiliúna	386
An líon uaire an chloig d'oiliúint a soláthraíodh	1,188
An líon daoine a bhí i láthair	3,858

Líonrú agus Tionscnaimh de chineál Náisiúnta agus Réigiúnach

Is gníomhaíocht lárnach é an líonrú i dtaca le PPN-anna a bhunú laistigh den phobal. Trí chaidreamh a bhunú le baill ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal réigiúnach, agus trí líonrú a dhéanamh le geallsealbhóirí ag an leibhéal náisiúnta, cinntítear go mbíonn PPN-anna cothrom le dáta maidir le forbairtí nua, go mbíonn rochtain ag a mbaill orthu agus go mbíonn siad ag tacú lena bpiaraí agus go mbíonn tacaíocht á fáil óna bpiaraí. Sa bhliain 2018, thuairiscigh 28 PPN go raibh siad bainteach le roinnt tionscnamh líonraithe, idir náisiúnta agus réigiúnach. I dTábla 12, tugtar miondealú ar na nithe sin.

Tábla 12: Líonrú agus Tionscnaimh de chineál Náisiúnta agus Réigiúnach, 2018

An tImeacht	An líon PPN-anna	Nóta
An Chomhdháil Náisiúnta PPN	27	
Cruinnithe Réigiúnacha de chuid Cheartas Sóisialta Éireann	20	
Líonra Náisiúnta na nOibrithe Acmhainní PPN	28	
Comórtas Treabhdóireachta	14	
The Wheel Conference (Stainnín/ Máistir-Rang PPN)	3	
Líonraí Réigiúnacha PPN a eagraítear ar bhonn áitiúil	16	Lena n-áirítear: → Cruinniú Comhordaitheoirí an Oirdheiscirt → Oiliúint a d'eagraigh PPN i dTiobraid Árann → Imeacht maidir le Comhairliúchán Réigiúnach → Tionól Comhshaoil i mBaile Átha Cliath → Líonra PPN Bhaile Átha Cliath → Líonra PPN Réigiúnach an Iarthuaiscirt → Fáiltiú a sheol an Taoiseach le haghaidh eagraíochtaí Pobail agus Deonacha mar fhreagairt ar Stoirmeacha Ophelia agus Emma → Imeacht maidir le hAoisbhá → Cruinniú Réigiúnach PPN Lár Tíre → Oiliúint Chomhroinnte → Comhdháil Náisiúnta Forbartha Pobail → Grúpa Náisiúnta Comhairleach agus foghrúpaí

ROINN 5:
BAINISTÍOCHT, RIARACHÁN AGUS AIRGEADAS

Déanann rúnaíocht dheonach formhaoirseacht ar riaradh an PPN agus tá an rúnaíocht sin comhdhéanta de bhaill PPN. Tuairiscíonn an comhlacht sin do Chomhlacht Iomlánach an PPN agus is ceart an cruinniú sin a bheith ann dhá uair sa bhliain ar a laghad. D'fhéadfadh sé freisin go dtagann PPN-anna le chéile ar leibhéal Ceantair Bhardasaigh nó ar leibhéal áitiúil eile. Ina theannta sin, tá freagracht ar an Rúnaíocht i ndáil le bainistiú an Oibrí Acmhainní agus i ndáil leis an bPlean Oibre a chur i bhfeidhm.

Sa bhliain 2018, leithroinneadh 338 áit san iomlán do 29 Rúnaíocht PPN agus leithroinnt 12 Bhall Rúnaíochta, ar an meán ag gach ceann ar leith (tá na líonta sa raon ó 6 go 22). Tá leithroinnt na mball bunaithe go príomha ar dháileadh chuig Coláistí/Colúin PPN (Pobal & Deonach; Uilechuimsitheacht Shóisialta; agus Comhshaol) agus, chomh maith leis sin, leithroinneann 22 PPN ról i leith a gCeantar Bardasach. Maireann téarma oifige baill Rúnaíochta idir 2 bhliain agus 5 bliana, agus tá sé sonraithe ag 3 PPN go bhfuil téarma oifige a Rúnaíochta ailínithe le téarma oifige ionadaithe tofa an Údaráis Áitiúil lena mbaineann. Tá 338 n-áit leithroinnte ann a bhfuil 277 gcinn acu líonta agus 61 cheann acu folamh faoi láthair. Thuairiscigh 24 PPN ráta tinrimh os cionn 60 faoin gcéad de bhallraíocht na Rúnaíochta sa bhliain 2018 agus thuairiscigh ceithre PPN ráta faoi bhun 60 faoin gcéad agus bhí freagra amháin ar iarraidh (féach Tábla 13).

Tábla 13: Leithroinnt Rúnaíochta, Folúntais agus Ráta Tinrimh in aghaidh an PPN, 2018

Ainm an PPN	Leithroinnt	Folúntais	Ráta Tinrimh
Ceatharlach	8	3	100%
An Cabhán	12	0	80%
An Clár	10	0	75%
Cathair Chorcaí	6	1	80%
Contae Chorcaí	22	:	Os cionn 60%
Dún na nGall	19	6	50%
Cathair Bhaile Átha Cliath	9	2	66%
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	9	2	82%
Fine Gall	9	3	57%
Cathair na Gaillimhe	16	4	75% ar a laghad
Contae na Gaillimhe	11	0	50%
Ciarraí	10	0	80%
Cill Dara	11	3	50%
Cill Chainnigh	10	1	90%
Laois	12	4	79%
Liatroim	9	0	73.4%
An Longfort	9	:	80%
Lú	18	4	61%
Maigh Eo	14	5	70%
An Mhí	12	0	80%

Ainm an PPN	Leithroinnt	Folúntais	Ráta Tinrimh
Muineachán	17	4	:
Uíbh Fhailí	9	2	95%
Sligeach	8	0	85%
Baile Átha Cliath Theas	12	3	71%
Tiobraid Árann	15	5	80%
Port Láirge	11	2	70%
An Iarmhí	8	1	90%
Cill Mhantáin	10	2	79%
Loch Garman	12	4	80%
IOMLÁN	**338**	**61**	

Struchtúr Cothrom a Bhainistiú

Déantar PPN-anna a bhunú ar bhonn Struchtúr Cothrom Trí úsáid a bhaint6 as Struchtúr Cothrom déantar deimhin de nach rialaíonn aon ghuth amháin ná aon ghrúpa amháin an PPN. Ciallaíonn sé go bhfuil comhfhreagracht ann i leith nithe a dhéanamh agus i leith aidhmeanna an phlean oibre a bhaint amach. Forbraíonn sé sin acmhainneacht an ghrúpa ina iomláine agus ciallaíonn sé go bhfuil tuiscint ag na baill ar fad ar gach gné den phróiseas. Coimeádtar an struchtúr cothrom ar bun ar roinnt bealaí ar fud na PPN-anna, de réir mar atá sonraithe i dTábla 14.

Tábla 14: Struchtúr Cothrom a Bhainistiú, 2018

Sásra Oibríochtúil	An líon PPN-anna
Éascaitheoir Uainíochta	22
Róil Uainíochta (Idirchaidreamh Foirne, Airgeadas etc.)	12
Cinntí a rinneadh ar bhonn comhthola	29
Tograí a leagan faoi bhráid an Chomhlachta Iomlánaigh	25
Téarmaí Tagartha ina leagtar béim ar struchtúr cothrom	24
Miontuairiscí/Tuarascálacha ar fáil do gach ball PPN	24

De bhreis ar an méid sin thuas, thuairiscigh 25 PPN go raibh foghrúpa amháin ar a laghad ag a Rúnaíocht sa bhliain 2018. Ina measc sin, áiríodh foghrúpaí Airgeadais, Acmhainní Daonna, Cumarsáide, Fostaíochta, Idirchaidrimh Foirne, Cosanta Sonraí agus Dlí.

Cruinnithe

Seoladh 58 gCruinniú den Chomhlacht Iomlánach san iomlán thar 29 PPN sa bhliain 2018. Seoladh 5 cinn díobh sin i rith an lae, seoladh 51 cheann díobh sa tráthnóna agus seoladh dhá cheann ag deireadh na seachtaine. De bhreis air sin, seoladh 269 gCruinniú Rúnaíochta thar na 29 PPN sa bhliain 2018 agus seoladh 65 cinn díobh i rith an lae agus seoladh 204 cinn díobh sa tráthnóna.

Sheol seacht PPN déag 138 gCruinniú Nascghrúpa sa bhliain 2018 agus seoladh 42 cheann díobh i rith an lae agus seoladh 96 cinn díobh sa tráthnóna. Sheol ocht PPN déag 93 chruinniú Ceantair Bhardasaigh agus seoladh 15 cinn díobh i rith an lae, seoladh 70 ceann díobh sa tráthnóna agus seoladh ocht gcinn ag deireadh na seachtaine.

Sheol fiche PPN cruinnithe de chineálacha eile (163 san iomlán) a bhain le hábhair amhail Lá na hAfraice, feachtais cláraithe Vótálaithe, Folláine, Míchumas, Seachtain na hUilechuimsitheachta Sóisialta, Daoine Scothaosta agus Athchúrsáil.

Meabhrán Tuisceana

Sa bhliain 2018, bhí Meabhrán Tuisceana gníomhach i bhfeidhm idir gach ceann de na 29 PPN agus an tÚdarás Áitiúil. I gcás na 25 PPN a bhí ag oibriú trí eagraíocht óstach, bhí Comhaontú Leibhéil Seirbhíse ann i leith deich gcinn díobh.

Struchtúr na PPN-anna

Is féidir PPN-anna a bhunú agus a oibriú faoi roinnt struchtúr dlíthiúil agus riaracháin. Maidir leis na 29 PPN a thug freagra, bhí sé cinn díobh á n-óstáil ag Eagraíocht Phobail eile, bhí 19 gcinn díobh á n-óstáil ag an Údarás Áitiúil, bhí trí cinn díobh ag oibriú mar Cuideachtaí Neamhspleácha i rith na bliana ar fad agus bhí ceann amháin á óstáil go dtí Deireadh Fómhair 2018 tráth ar thosaigh sé ag oibriú mar Chuideachta Neamhspleách ar feadh an chuid eile den bhliain.

Foireann agus Earcaíocht sa bhliain 2018

Sa bhliain 2018, bhí ball foirne amháin ar a laghad ag gach PPN ar leith agus bhí roinnt oibre tacaíochta á déanamh ar bhonn conartha ag roinnt eile. I mí Dheireadh Fómhair 2018, fógraíodh go mbeadh maoiniúchán á chur ar fáil ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, mar aon le ranníocaíocht ó na hÚdaráis Áitiúla, chun Oibrí Sóisialta a earcú chuig gach PPN ar leith. Cé gur chuir roinnt PPN-anna tús leis an bpróiseas sin go mall sa bhliain 2018, tá sé sin le déanamh ag roinnt eile fós. Tá miondealú ar na socruithe foirne ar fáil i dTábla 14.

Tábla 14: Socruithe Foirne in aghaidh an PPN, 2018

PPN	Oibrí Acmhainní (WTE)	Riarthóir (WTE)	Oibrí Forbartha (WTE)	Oibrí Deonach	Eile (Tabhair mionsonraí)
Ceatharlach	0.7	0.4			15 huaire an chloig
An Cabhán	1.0				1 Oibrí *Tús*
An Clár	1.2	0.6	0.6		
Cathair Chorcaí	1.0	0.4			
Contae Chorcaí	1.0				
Dún na nGall	1.0				
Cathair Bhaile Átha Cliath	1.0				ball foirne lánaimseartha breise (Grád 4) curtha ar fáil agus maoinithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dún Laoghaire/ Ráth an Dúin	1.0				1 Oibrí *Tús*
Fine Gall	1.0	0.4			
Cathair na Gaillimhe	0.7		0.6		
Contae na Gaillimhe	1.0				
Ciarraí	1.0				
Cill Dara	1.0				
Cill Chainnigh	1.0				Tacaíocht Riaracháin Airgeadais ón Údarás Áitiúil agus Oibrí Fostaíochta Comhshaoil ar fostú go páirtaimseartha le haghaidh roinnt tacaíochta riaracháin
Laois	1.0				

PPN	Oibrí Acmhainní (WTE)	Riarthóir (WTE)	Oibrí Forbartha (WTE)	Oibrí Deonach	Eile (Tabhair mionsonraí)
Liatroim	1.0				8 n-uaire an chloig sa tseachtain de thacaíocht ar conradh le haghaidh Ábhar Meán Sóisialta agus Ar Líne. Bhí an acmhainn seo ar fáil ar feadh 48 seachtaine de chuid na bliana 2018.
An Longfort		0.5	1.0		
Lú	1.0				
Maigh Eo	1.0				
An Mhí	1.0				
Muineachán	1.0				
Uíbh Fhailí	1.0				
Sligeach	0.6	0.5			
Baile Átha Cliath Theas	1.0	0.5			
Tiobraid Árann	1.0	0.4		Fostaíodh oibrí deonach ar bhonn conartha chun cabhrú le hathchlárú, ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag.	1 Oibrí CE
Port Láirge	1.0			Taithí Oibre	
An Iarmhí	1.0	0.5			0.1 SEO
Loch Garman	1.0				1.0
Cill Mhantáin	1.0	0.4			Oibrí Tacaíochta ar Conradh ar feadh 14 huaire an chloig sa tseachtain ar feadh 10 mí
Iomlán	**27.2**	**4.6**	**2.2**		

I gcás na 29 PPN a chuir freagra ar fáil, d'earcaigh 9 PPN baill foirne sa bhliain 2018 - triúr Oibrithe Acmhainní, triúr ball foirne Riaracháin, aon Oibrí Forbartha amháin, aon oibrí *Tús* agus aon Bhall Foirne Samhraidh páirtaimseartha amháin, agus thuairiscigh PPN amháin gur cuireadh tús le próiseas earcaíochta Oibrí Tacaíochta i mí na Samhna 2018. Thuairiscigh naoi gcinn de na deich PPN go ndearnadh earcaíocht tríd an bpróiseas oscailte agus tháinig ceann amháin tríd an Údarás Áitiúil.

Maidir le baill foirne 19 PPN, tá siad ar fostú ag an Údarás Áitiúil, tá ceathrar díobh ar fostú go díreach ag an PPN agus tá seisear ar fostú ag an Eagraíocht Óstach. Tá difríochtaí ann freisin maidir le conas a bhainistítear baill foirne, agus cé a bhainistíonn baill foirne, agus thuairiscigh 17 PPN go raibh bainistíocht chomhroinnte ann idir an tÚdarás Áitiúil agus an Rúnaíocht, thuairiscigh cúig PPN gur cúram de chuid na Rúnaíochta amháin a bhí ann maidir leis an mbainistíocht sin, thuairiscigh aon PPN amháin gur cúram de chuid an Údaráis Áitiúil amháin a bhí ann maidir leis an mbainistíocht sin, thuairiscigh PPN amháin go raibh an bhainistíocht á comhroinnt idir Bord agus Rúnaíocht an Chomhlachta PPN agus thuairiscigh cúig PPN go raibh an bhainistíocht á comhroinnt idir an Eagraíocht Óstach agus an Rúnaíocht.

I gcás ina gcomhroinntear an fhoireann bhainistíochta, bainistíonn an Rúnaíocht an plean oibre agus tagann na feidhmeanna riaracháin agus Acmhainní Daonna faoi réim chúram an Údaráis Áitiúil/na hEagraíochta Óstaí.

Thuairiscigh dhá cheann is fiche de na 29 PPN a thug freagra go raibh a spás oifige lonnaithe laistigh d'fhoirgneamh an Údaráis Áitiúil (ceann amháin deighilte idir an Chathair agus an Contae); bhí trí cinn díobh lonnaithe i bhfoirgneamh na hEagraíochta Óstaí; bhí ceann amháin lonnaithe i spás aonair ar cíos; bhí ceann amháin lonnaithe i spás ar leithligh a bhí léasaithe ag an Údarás Áitiúil; tá ceann amháin ligthe ar cíos ó ionad acmhainní pobail; agus, i gcás PPN amháin, oibríonn na baill foirne sa bhaile agus cuireann an Eagraíocht Óstach seoladh poist ar fáil don PPN.

Cúrsaí Airgeadais

Faightear maoiniúchán do PPN-anna ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (an Roinn) agus ó na hÚdaráis Áitiúla. Cé go soláthraíonn an Roinn an chuid is mó den chroímhaoiniúchán le haghaidh PPN-anna, faigheann líon beag díobh méideanna de bhreis ar an leithroinnt a bhfuiltear ag súil léi óna n-údarás áitiúil féin chun tacú lena gcuid oibre. I dTábla 15, tugtar miondealú ar na foinsí ioncaim i leith gach ceann ar leith de na 29 PPN a thug freagra.

Tábla 15: Ioncam PPN de réir Chineál an Ioncaim, 2018

PPN	Údarás Áitiúil	Roinn	Eile	Ioncam Iomlán	Nóta maidir le hIoncam Eile
Ceatharlach	41,322.47	50,000.00	32,400.00	123,722.47	Scéim na mBailte agus na Sráidbhailte
An Cabhán	27,500.00	45,833.00	11,000.00	84,333.00	Oibrí Deonach Faisnéise a Fhostú
An Clár	30,000.00	50,000.00	300.00	80,300.00	Seasmhacht i leith na Todhchaí
Cathair Chorcaí	30,000.00	50,000.00	300.00	80,300.00	Cathracha Sláintiúla Chorcaí
Contae Chorcaí	44,000.00	50,000.00		94,000.00	
Dún na nGall	30,000.00	50,000.00		80,000.00	
Cathair Bhaile Átha Cliath	55,400.00~	72,500.00*		127,900.00	
Dún Laoghaire/ Ráth an Dúin	30,000.00	50,000.00		80,000.00	
Fine Gall	39,891.00	50,000.00		89,891.00	
Cathair na Gaillimhe	30,000.00	50,000.00	48,114.04	128,114.04	Gníomhaíodh mar óstach le haghaidh roinnt gníomhaíochtaí Údaráis Áitiúil agus úsáideadh an t-ioncam le haghaidh caiteachais shonracha ghaolmhara.

PPN	Údarás Áitiúil	Roinn	Eile	Ioncam Iomlán	Nóta maidir le hIoncam Eile
Contae na Gaillimhe	29,739.00	50,000.00		79,739.00	
Ciarraí	30,550.00	75,700.00*		106,250.00	
Cill Dara	30,000.00	23,607.00		53,607.00	
Cill Chainnigh	30,684.67	50,000.00		80,684.67	
Laois	30,000.00	50,000.00		80,000.00	
Liatroim	31,806.00	47,904.00		79,710.00	
An Longfort	30,000.00	50,000.00		80,000.00	
Lú	30,000.00	50,000.00		80,000.00	
Maigh Eo	30,000.00	47,877.00		77,877.00	
An Mhí	30,230.37	50,000.00		80,230.37	
Muineachán	30,000.00	50,000.00		80,000.00	
Uíbh Fhailí	30,000.00	50,000.00		80,000.00	
Sligeach	30,000.00	50,000.00		80,000.00	
Baile Átha Cliath Theas	33,455.42	48,410.00*		81,865.42	
Tiobraid Árann	40,660.72	50,000.00		90,660.72	Deontas 'Éire Shláintiúil'
Port Láirge	30,000.00	50,000.00	17,545.00	97,545.00	Urraíocht le haghaidh Ghradaim C&V
An Iarmhí	71,230.00	50,000.00		121,230.00	
Loch Garman	30,000.00	50,000.00		80,000.00	
Cill Mhantáin	37,000.00	78,500.00*^	547.08	116,047.08	Ranníocaíocht IEN do chéim phíolótach na Físe le haghaidh Folláine Phobail.
Iomlán	**993,469.65**	**1,490,331.00**	**110,206.12**	**2,594,006.77**	

Nóta: * Áirítear réamh-ranníocaíocht i leith fostú Oibrí Shóisialta sa bhliain 2019.
^ Áirítear €6,000 chun imeacht CPD na nOibrithe Acmhainní a mhaoiniú.
~ Áirítear clúdach d'Oibrí Acmhainní

Iarradh ar PPN-anna tuairisciú a dhéanamh maidir le réimsí sonracha caiteachais ina mBuiséad don bhliain 2018. Tá miondealú ar an gcaiteachas sin i measc na 29 PPN ar fad ar fáil i gCairt 1. Ós rud é gurb iad na costais tuarastail an cion is airde den chaiteachas foriomlán, baineadh den chairt iad ar mhaithe le soiléire. San iomlán, chaith na 29 PPN a thug freagra €1.5 milliún ar thuarastail, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ÁSPC agus mar sin de.

Cairt 1: Miondealú ar Chaiteachas PPN (Seachas Tuarastail), 2018



An Buiséad Bliantúil a Chomhaontú

Tá próiseas ceadaithe an bhuiséid bhliantúil PPN mórán mar an gcéanna i measc na 28 PPN a d'fhreagair an cheist seo. An tOibrí Acmhainní agus/nó Fochoiste Airgeadais na Rúnaíochta a ullmhaíonn an Buiséad. Ceadaíonn an Rúnaíocht an buiséad sin ansin sula leagtar faoi bhráid an Chomhlachta Iomlánaigh agus an Údaráis Áitiúil (i gcomhréir leis an Meabhrán Tuisceana atá ann).

An Buiséad Bliantúil a Chaitheamh

Déanann an Rúnaíocht faireachán ar chaiteachas ag na PPN-anna agus déantar plé ina leith ag cruinnithe Rúnaíochta de bhun tuarascáil airgeadais a chuirtear faoi bhráid an chruinnithe nó mar bhuanmhír ar an gclár oibre. I gcás ina n-úsáideann an PPN córas an Údaráis Áitiúil chun a Bhuiséad a bhainistiú, déantar de réir an chórais ceadaithe atá ann mar dhlúthchuid den chóras.

Faisnéis a sholáthar don Chomhlacht Iomlánach

Thuairiscigh an chuid is mó freagróirí (arbh ionann a líon agus 25) go ndéanann siad a mBuiséad a phostáil ar líne go bpléann siad a mBuiséad le linn cruinnithe de chuid an Chomhlachta Iomlánaigh. Bhí dhá PPN ann nár thug freagra ar an gceist seo agus thuairiscigh ceann amháin go bhfuil freagracht iomlán ar an Rúnaíocht i ndáil le Buiséad an PPN..

Costais a Aisíoc le hIonadaithe

Sa bhliain 2018, ba é a bhí sa mhír chaiteachais ba mhó de chuid Bhuiséad iomlán na PPN-anna (gan tuarastail agus caiteachas gaolmhar a áireamh) ná Costais Ionadaithe (ina raibh suim iomlán €104,590.60). Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh modh comhaontaithe ag na PPN-anna i leith aisíoc costas. I gcás costais a bhain le Boird agus Coistí Údaráis Áitiúil, thuairiscigh 12 PPN gur íocadh na costais sin as an gCroíbhuiséad PPN; thuairiscigh 14 PPN gur íoc an tÚdarás Áitiúil na costais sin; agus thuairiscigh 3 PPN gur meascán den dá mhodh sin a bhí i gceist.

Maidir le hIonadaithe PPN a fhaigheann cuireadh chun bheith ar Bhoird agus ar Choistí nach Boird ná Coistí de chuid PPN ní Údaráis Áitiúil iad, thuairiscigh 10 PPN gurbh í a eagraíocht a raibh an cruinniú á óstáil aici a d'íoc na costais sin; agus thuairiscigh 6 PPN nár íocadh amhlaidh iad. A mhéid a bhaineann leis na 6 fhreagróir eile i leith na ceiste seo ar chás leo an t-ábhar seo, thuairiscigh siad gurbh iad an PPN agus an eagraíocht óstach araon a d'íoc na costais agus thuairiscigh PPN amháin go raibh na costais riaracháin a bhain leis na costais sin a ghnóthú díréireach agus, dá bhrí sin, go raibh sé níos éasca na costais a íoc as Buiséad an PPN.

Muirear Óstála

Thuairiscigh ceithre cinn déag de na 29 PPN gur íoc siad muirear óstála nó táille bhainistíochta. Níorbh ionann an sásra ar dá réir a chinntear an táille sin i measc na PPN-anna sin agus thuairiscigh 6 PPN go n-íocann siad muirear seasta agus íocann na 8 PPN eile muirear atá bunaithe ar chéatadán de na hollchostais tuarastail.

An Buiséad a Bhainistiú

Ní raibh a mBuiséad iomlán á aistriú chuig cuntas bainc PPN ach amháin i gcás 5 cinn de na PPN-anna; bhí Buiséad 19 PPN á bhainistiú ag an Údarás Áitiúil (thuairiscigh 1 PPN go raibh a Bhuiséad á aistriú chuig cuntas PPN laistigh den Údarás Áitiúil agus á bhainistiú ag an Oibrí Acmhainní); agus thuairiscigh 5 PPN go raibh codanna dá mBuiséad á n-aistriú chuig cuntas bainc PPN ar bhonn céimnithe. Tá miondealú le fáil i dTábla 16 i dtaobh conas a cheadaítear caiteachas Buiséid.

Tábla 16: Próiseas Ceadaithe an Bhuiséid PPN, 2018

An Próiseas Ceadaithe	An líon PPN-anna
Ceadaíonn an Rúnaíocht an caiteachas ar fad	15
Comhroinneann an Rúnaíocht agus an tOibrí Acmhainní an ceadú	10
Ceadaíonn an tOibrí Acmhainní an caiteachas ar fad	0
Ceadaíonn an tÚdarás an caiteachas ar fad	0
Comhroinneann an Rúnaíocht, an tÚdarás Áitiúil agus an tOibrí Acmhainní an ceadú	4

Beartas Airgeadais

Tá Beartas Airgeadais foirmiúil curtha i bhfeidhm ag trí cinn de na 29 PPN. Thuairiscigh an 22 fhreagróir eile a thug freagra ar an gceist seo gur cheadaigh a Rúnaíocht nó an tÚdarás Áitiúil cinntí maidir le caiteachas laistigh dá gcórais riaracháin faoi seach. Thuairiscigh PPN amháin go sonrach, ó thaobh cúrsaí caiteachais de, go bhfeidhmíonn siad de réir na dtreoirlínte go léir i leith soláthar poiblí.

Beartais agus Nósanna Imeachta

Chun dea-chleachtas a áirithiú i ndáil le rialachas i réimse na PPN-anna, tá forbairt déanta ag gach PPN ar shraith Beartas agus Nósanna Imeachta chun tacú leis an Rúnaíocht, le Baill Foirne agus le Baill. I dTábla 17, tá miondealú le fáil maidir leis na beartais agus maidir leis na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm i rith na bliana 2018.

Tábla 17: Na Beartais agus na Nósanna Imeachta a bhí i bhfeidhm, 2018

An Beartas/An Nós Imeachta	An líon PPN-anna
Bunreacht	20
Téarmaí Tagartha le haghaidh na ngrúpaí seo a leanas: ➔ An Rúnaíocht ➔ Foghrúpaí (de chuid na Rúnaíochta) ➔ Nascghrúpaí ➔ An Comhlacht Iomlánach	 25 7 10 11
Cairt Ionadaithe	27
Beartas maidir le Costais	26
Dínit do Chách	11

An Beartas/An Nós Imeachta	An líon PPN-anna
Nós Imeachta Gearáin/Coimhlinte	17
Beartas maidir le Rochtain	7
Nós Imeachta Acmhainní Daonna	15
Clár Ionduchtúcháin d'Ionadaithe nua	19
Nós Imeachta maidir le hEarraí agus Seirbhísí a Fháil	15
Nós Imeachta maidir le hEarcú Ball Foirne	15
Nós Imeachta maidir le Forbairt Ball Foirne	10
Teimpléid Tuairiscithe le haghaidh Ionadaithe PPN	25
Gluais Téarmaí do Bhallghrúpaí	15
Beartas maidir le Sláinte agus Sábháilteachta	13
Eile	11
Mionsonraí faoi 'Eile' Cód Iompair; Beartas Oiliúna; Beartas Cosanta Sonraí; Beartas Timpeallachta Sláintiúla; Beartas Aosach Leochaileach; Beartas Coimhlinte Leasanna; Beartas Coinneála Sonraí; Beartas Toghchán; Beartas Airgeadais (mar óstach); Lámhleabhar Rúnaíochta; Sraith Uirlisí Cumarsáide; Clár Sócmhainní agus Beartas Bainistíochta ina leith; Grúp-Chomhaontú Rúnaíochta; agus Beartais Acmhainní Daonna de chuid an Údaráis Áitiúil.	

Comhoibriú Idirghníomhaireachta

Thuairiscigh 28 gcinn de na 29 bhfreagróir go raibh siad páirteach i gcomhoibriú idirghníomhaireachta sa bhliain 2018. Ba é a bhí i gceist leis an gcomhoibriú sin ná comhpháirtíochtaí le rannóg Forbartha Pobail an Údaráis Áitiúil; comhoibriú idirghníomhaireachta maidir le cur i bhfeidhm straitéis 'Éire Shláintiúil' ag an leibhéal áitiúil; seimineáir a chomhóstáil in éineacht le Líonraí Míchumais; cruinnithe a chomhóstáil in éineacht le grúpaí de chuid an Lucht Siúil; comhoibriú le hionaid oibrithe deonacha agus le cuideachtaí forbartha pobail; feidhmiú mar ionadaí ar Chomhairle na nDaoine Scothaosta; agus Aonach Oiliúna a bhunú sa chontae.

Uilechuimsitheacht Shóisialta

Tá ról uathúil ag PPN-anna laistigh de phobail agus cuireann an ról sin ar a gcumas caidreamh a bhunú le raon leathan grúpaí imeallaithe agus tacaíocht a thabhairt do na grúpaí sin le gur féidir leo a bheith páirteach i bpróisis dhaonlathacha. Thuairiscigh gach ceann de na 29 PPN go raibh siad bainteach le gníomhaíochtaí uilechuimsitheachta sóisialta sa bhliain 2018. I measc na ngníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích thar ceann an PPN d'fhonn an clár oibre uilechuimsitheachta sóisialta áiríodh comhairliúcháin spriocdhírithe (mar shampla, forbairt Sraithe Uirlisí Cumarsáide i gCeatharlach); imeachtaí téamacha a reáchtáil (amhail imeachtaí Aoisbhá i gCiarraí); imeachtaí don Lucht Siúil i nDún Laoghaire/Rátha an Dúin, i gCathair na Gaillimhe, i bPort Láirge agus i gCill Mhantáin; agus imeachtaí do phobail imirceacha sa Longfort, i Laois agus i nDún na nGall); agus Leabhrán Cumarsáide a úsáid chun díriú ar ghrúpaí imeallaithe i Lú.

ROINN 6:
OBAIR I gCOMHAR LEIS AN ÚDARÁS ÁITIÚIL

Luaitear an méid seo a leanas sa leagan reatha den PPN User Guide [1]: *"The PPN will be the main link through which the Local Authority (LA) connects with the community, voluntary, environmental and social inclusion sectors"* and *"PPN … will … enable the public to take an active formal role in the policy making and oversight activities of the LA's area of responsibility."* Tá sé beartaithe go mbeidh cur chuige comhoibríoch comhpháirtíochta ann. Le go mbeidh rath ann tá géarghá le caidreamh dearfach idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil.

Mar chuid den phróiseas Tuarascála Bliantúla, iarradh ar Údaráis Áitiúla samplaí a thabhairt maidir leis an tslí ina raibh tacaíocht tugtha acu i leith forbairt PPN agus i leith rannpháirtíocht ghníomhach eagraíochtaí comhshaoil, uilechuimsitheachta sóisialta, pobail agus deonacha i gceapadh beartais agus i gcinnteoireacht, i gcomhroinnt faisnéise agus i méadú acmhainneachta (seachas an leithroinnt Buiséid a sholáthar nó croídhualgais an Oibrí Acmhainní, i gcás ina bhfuil an tOibrí Acmhainní ar fostú ag an Údarás Áitiúil). Tá miondealú le fáil i dTábla 18 maidir le tacaíochtaí a sainaithníodh i leith na 29 PPN a bhfuarthas freagraí uathu.

Tábla 18: Tacaíochtaí Údaráis Áitiúil do PPN-anna, 2018

Sásra Tacaíochta	An Líon
Meabhrán Tuisceana gníomhach i bhfeidhm don bhliain 2018	29
Athbhreithníodh an Meabhrán Tuisceana sa bhliain 2018	21
Cúnamh a thabhairt do PPN, más cuí, maidir leis an bPlean Oibre a chur i gcrích	26
Tacaíocht a thabhairt don PPN le go mbeidh sé ina Ghníomhaí gníomhach i dtaca leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail	22
Rannpháirtíocht trasroinne in Imeachtaí PPN	22
Teagmhálaí PPN Údaráis Áitiúil bainteach le PPN	22
Soláthraíodh croímhaoiniúchán breise don PPN chun tacú lena chuid oibre (de bhreis ar an €30,000)	12
Soláthraíodh maoiniúchán breise le haghaidh tionscadail shonracha PPN	7
Feachtais shonracha chun obair an PPN a chur chun cinn laistigh den údarás áitiúil	9
Mionsonraí faoi Fheachtais Shonracha Cur chun cinn gníomhach PPN-anna thar gach Roinn de chuid an Údaráis Áitiúil; Cur Chun Cinn trí Nuachtlitir LECP agus trí *Taste of Cavan*; Saoráidí a chur ar fáil lena n-úsáid ag an PPN; Ról gníomhach ag foireann PPN sa chinnteoireacht; Meantóireacht agus Comhairle; Tacaíocht riaracháin maidir le hiarratais ar bhallraíocht in éagmais acmhainn foirne; agus Freastal ar Chruinnithe Rúnaíochta.	

1 https://assets.gov.ie/6843/89a565eed98a4b7fbfdcdf840a46a144.pdf

Comhairliúcháin Údaráis Áitiúil

Is féidir leis na PPN-anna a bheith ina sásra tábhachtach, agus is ceart go mbeidís ina sásra tábhachtach, de chuid na nÚdarás Áitiúil a mhéid a bhaineann le tuairimí a bpobal a bhailiú mar fhreagra ar iarrataí ar chomhairliúcháin. Is iad is fearr atá in ann dul i dteagmháil le grúpaí pobail agus tá taithí acu ar aighneachtaí a ullmhú agus tacú leo. I dTábla 19, tugtar forléargas ar an líon comhairliúchán a rinne Údaráis Áitiúla sa bhliain 2018 agus ar an teagmháil le PPN-anna le linn an phróisis (ar bhonn freagraí ó 24 fhreagróir).

Tábla 19: Comhairliúcháin Údaráis Áitiúil, 2018

Comhairliúcháin	An líon PPN-anna
Comhairliúcháin Phoiblí Údaráis Áitiúil sa bhliain 2018	219
Fógraí faoi Chomhairliúcháin a seoladh chuig PPN-anna sa bhliain 2018	210
Comhairliúcháin Údaráis Áitiúil a rinneadh trí PPN-anna mar phríomhghníomhaí sa bhliain 2018	47
Ceardlanna comhairliúcháin a d'óstáil an tÚdarás Áitiúil agus an PPN i gcomhpháirt lena chéile	39

Bhí an líon comhairliúchán a sheol Údaráis Áitiúla níos ísle go mór ná an líon a bhí ann sa bhliain 2017 (nuair a bhí 819 gcomhairliúchán ann), agus, dá bharr sin, bhí an líon fógraí faoi chomhairliúcháin cuireadh chuig PPN-anna sa bhliain 2018 níos ísle freisin (laghdú ó 558 go 210). Ach, bhí an líon comhairliúchán a rinneadh trí PPN-anna mar phríomhghníomhaí sa bhliain 2018 níos airde ná mar a bhí ann sa bhliain 2017 (méadú ó 34 go 47), agus tháinig méadú faoi dhó, nach mór, ar an líon ceardlann comhairliúcháin a óstáladh go comhpháirteach i rith na tréimhse lena mbaineann, is é sin, méadú ó 20 go 39).



Réimsí Sonracha Comhoibrithe

Ina theannta sin chomhoibrigh Údaráis Áitiúla agus PPN-anna lena chéile i ndáil le líon mór imeachtaí agus tionscnamh eile sa bhliain 2018. Ina measc sin, áirítear na nithe seo a leanas:

- Comórtas na mBailte Slachtmhara
- Imeachtaí de chuid an Chomhlachta Iomlánaigh
- Éire Shláintiúil
- Próifílí Socheacnamaíochta
- An Ghluaiseacht Rochtana
- LECP
- LCDC
- Clárú Vótálaithe
- Líonrú na Samhna
- Interreg Atlantic Social Lab
- Céim e de UrbACT Chathair Chorcaí
- Cuir i bhFeidhm Teorainneacha Cathrach/Contae
- Seó Samhraidh Chorcaí
- SICAP
- An Tascfhórsa Tuaithe
- An Coiste Comhairleach ar Chomhtháthú Pobail
- Straitéis Fhine Gall maidir le Comhthathú Sóisialta agus Lánpháirtíocht
- Gaillimh Shláintiúil
- Ráiteas maidir le Cearta Daonna agus Comhionannas
- Gaillimh - Duilleoga Glasa agus an Fhéile Ghlas/ Ghorm
- An Chomhpháirtíocht Spóirt
- Gradaim an Mhéara
- Comhairle na nÓg
- Tionscnaimh Aoisbhá
- Gradaim Phobail
- Love Where You Live Leitrim
- Feasacht ar Mhíchumas
- Feasacháin Chomhpháirteacha i Lú
- The Ogham Tree Trail
- Tiobraid Árann Shláintiúil
- Men's Sheds
- Deontais do Ghrúpaí Ban
- Clár Athléimneachta Pobal Údaráis Áitiúil
- Líonra na bPobal Cósta
- Straitéis Dhigiteach Chill Mhantáin

Suíocháin Phobail a Leithroinnt

Tá freagracht ar Údaráis Áitiúla i ndáil le raon Bord agus Coistí a bhaineann le réimsí spéise áitiúla. Sa bhliain 2018, bhí 708 suíochán ar fáil agus leithroinneadh 573 cinn díobh trí na PPN-anna agus leithroinneadh na cinn eile ar bhealaí eile. I gcás ina raibh pleananna ann chun athrú a dhéanamh ar an tslí ina raibh na suíocháin eile le leithroinnt, d'áirigh siad leasú a dhéanamh ar na Buanorduithe maidir le toghadh comhairle nua sa bhliain 2019 nó tar éis dheireadh an téarma oifige láithrigh. Áirítear na cinn seo a leanas i measc na mBord agus na gCoistí sin:

- Fóram Oidhreachta Fhine Gall
- Iascaigh an Iarthuaiscirt
- Comhpháirtíocht Síochána Mhuineacháin
- Bord Turasóireachta Chill Mhantáin
- Grúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil
- Comhpháirtíocht Spóirt SDC
- An Comhchoiste Póilíneachta
- Tascfhórsa Réigiún an Iarthair maidir le Drugaí & Alcól
- LCDC-anna
- SPC Uilechuimsitheachta Sóisialta, Pobail & Gnóthaí Tuaithe
- Formhaoirseacht SICAP
- An Chomhghuaillíocht Aoisbhá
- Ciste Fiontraíochta Chontae Liatroma

Cáilitheacht le haghaidh Deontais

Feidhmíonn PPN-anna mar mhol faisnéise le haghaidh grúpaí pobail i dtaca le rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar thacaíochtaí maidir le deontais Údaráis Áitiúil. Mar aitheantas dó sin, agus do ról na PPN-anna maidir le feabhsú éifeachtacht grúpaí pobail trí mhéadú acmhainneachta, trí oiliúint, trí líonrú agus mar sin de, tá roinnt Údarás Áitiúil tar éis ballraíocht i PPN a áireamh sna riachtanais a bhaineann le cáilitheacht i leith deontais a fháil. Sa bhliain 2018, bhí an ceanglas sin curtha i bhfeidhm ag cúig Údarás Áitiúla i leith a gcuid deontas go léir; bhí an ceanglas sin curtha i bhfeidhm ag deich nÚdarás Áitiúla i leith an chuid is mó dá ndeontas ach ní i leith na ndeontas go léir; agus, maidir le 11 Údarás Áitiúil, mhol siad do ghrúpaí clárú le PPN ach ní raibh sé sin éigeantach. Ní raibh ach dhá Údarás Áitiúla ann nár chuir an coinníoll sin ag gabháil lena n-iarratais ar dheontais.

Oiliúint agus Ionduchtúchán ag Údaráis Áitiúla

Níor thuairiscigh ach deich gcinn de na 27 nÚdarás Áitiúla a thug freagra ar an gceiste seo gur chuir siad ionduchtúchán sonrach nó oiliúint shonrach d'Ionadaithe nua-ainmnithe PPN sa bhliain 2018. Maidir le hoiliúint agus méadú feasachta i measc bhaill foirne na nÚdarás Áitiúil, thuairiscigh 18 nÚdarás Áitiúla go raibh gníomhaíochtaí oiliúna nó méadaithe feasachta curtha i gcrích acu le baill foirne a oibríonn ina Roinn Pobail, thuairiscigh 13 cinn go raibh gníomhaíochtaí den sórt sin curtha i gcrích acu le baill foirne a oibríonn lasmuigh den Roinn Pobail agus thuairiscigh 12 cheann go raibh gníomhaíochtaí den sórt sin curtha i gcrích le baill foirne eile de chuid an Údaráis Áitiúil. Níl aon oiliúint nó seisiúin mhéadaithe feasachta faoi PPN-anna faighte ag baill foirne de chuid roinnt Údarás Áitiúil ón tráth ar tugadh isteach an PPN sa bhliain 2014.

Tacaíochtaí Breise ón Roinn

Iarradh ar Údaráis Áitiúla moltaí a thabhairt i dtaobh conas a d'fhéadfadh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail tuilleadh tacaíochta a thabhairt i leith fhorbairt na PPN-anna. Fuarthas dhá fhreagra is fiche lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Feachtais faisnéise agus feasachta tras-Roinne.
- Pacaí caighdeánaithe agus teimpléid chaighdeánaithe.
- An Treoir d'Úsáideoirí a Athbhreithniú.
- Comhoibriú méadaithe leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i ndáil le caidreamh idir PPN-anna agus Údaráis Áitiúla.
- Tiomantas i leith maoiniúchán fadtéarma.
- Aitheantas a thabhairt do thábhacht a bhaineann le neamhspleáchas agus féinriail.
- Ábhair dhátheangacha.
- Oiliúint maidir le déanamh beartais agus aighneachtaí.
- Clár oiliúna náisiúnta a fhorbairt.
- Tacaíochtaí breise riaracháin.
- Cúram an PPN a leathnú le go n-áireoidh sé an earnáil phoiblí agus an earnáil phobail araon.
- Soiléireacht maidir le róil agus freagrachtaí laistigh de PPN-anna.
- Lógó náisiúnta PPN a chruthú.

ROINN 7:
MOLTAÍ

Tar éis obair na PPN-anna sa bhliain 2018 a athbhreithniú, iarradh ar PPN-anna agus ar Údaráis Áitiúla roinnt moltaí a dhéanamh, faoi na ceannteidil seo a leanas, maidir le forbairt na PPN-anna:

Forbairt na PPN-anna	Oiliúint	Beartais agus Cinnteoireacht a dhéanamh i gComhpháirtíocht

Forbairt na PPN-anna

Tríd is tríd, bhain na moltaí faoin gceannteideal seo leis na catagóirí seo a leanas:

Acmhainní

- Cinnteacht phoist don fhoireann reatha agus méadú a dhéanamh ar an maoiniúchán atá ann do thacaíocht riaracháin.
- Na hacmhainní atá á leithroinnt a athbhreithniú chun difríochtaí i dtaca le cúrsaí geografacha agus déimeagrafacha de a chur san áireamh.
- Méadú a dhéanamh ar na hacmhainní chun tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm na bhFíseanna i leith Folláine Pobail.
- Mol náisiúnta acmhainní a fhorbairt le haghaidh ábhar, beartas agus nósanna imeachta.
- Teimpléad 'gníomhaíochta' a fhorbairt lena úsáid ag deireadh cruinnithe lena chinntiú go bhfuil gach duine ar an eolas faoi gníomhaíochtaí atá comhaontaithe agus go dtacaíonn siad leo.

Róil agus Freagrachtaí

- Sainmhíniú níos soiléire ar ról agus ar fheidhm na Nascghrúpaí.
- Méadú a dhéanamh ar a tuiscint ar róil agus ar chórais e.g. SPC-anna.
- A chinntiú go gcloítear le ciorcláin Roinne ar gach leibhéal.
- A ordú go n-eagraítear cruinnithe SPC, agus cruinnithe eile, ar bhonn uainíochta idir cruinnithe le linn gnáthuaire oifige agus cruinnithe sa tráthnóna chun an rannpháirtíocht is cuimsithí agus is féidir a chinntiú.
- Tacaíocht idir-Roinne níos mó do na PPN-anna.
- Cairt Iompair náisiúnta a fhorbairt.
- A ordú go n-eagraítear cruinnithe dhá uair sa bhliain idir an tÚdarás Áitiúil agus an PPN.
- Breithniú a dhéanamh i dtaobh an ghá le ról náisiúnta acmhainní PPN.
- Treoirlínte sonracha maidir le ról na Rúnaíochta a fhorbairt.

Cumarsáid

- A chinntiú go bhfaightear cumarsáidí comhréireacha tráthúla ón Údarás Áitiúil.
- Prótacal Cumarsáide idir an PPN agus na hÚdaráis Áitiúla a fhorbairt.
- Feasacht faoi PPN-anna a mhéadú i Ranna Údaráis Áitiúil.
- Feachtas náisiúnta caidreamh poiblí, mar aon le brandáil náisiúnta agus láithreán gréasáin, a fhorbairt chun feasacht faoi PPN-anna a mhéadú i measc an phobail agus chun rannpháirtíocht a spreagadh i measc na mball.

Struchtúr

- An socrú maidir le rogha óstála a choimeád ar bun.
- Struchtúr PPN a shimpliú.
- Athbhreithniú agus simpliú a dhéanamh ar an gcaint a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar PPN-anna agus ar a gcomhchodanna.
- Athbhreithniú agus caighdeánú a dhéanamh ar na Meabhráin Tuisceana reatha.
- Struchtúr náisiúnta Rúnaíochta a fhorbairt agus acmhainní a chur ar fáil dó.

Oiliúint

Moltaí ón PPN

- Paca caighdeánaithe Oiliúna Ionduchtúcháin.
- Oiliúint do bhaill foirne Údaráis Áitiúil agus d'Ionadaithe Tofa.
- Oiliúint a thabhairt do PPN-anna maidir le Tacaíocht Riaracháin agus Airgeadais, go háirithe maidir le *Aggresso* do na baill foirne de chuid PPN-anna a úsáideann é.
- Tuilleadh clár méadaithe acmhainneachta do bhallghrúpaí, ar cláir iad a bheidh dírithe ar fhorbairt beartais agus ar thionchar, agus ionchur ó Údaráis Áitiúla a bheith san áireamh iontu.
- Oibleagáid a bheith ar gach SPC modúl oiliúna a dhéanamh laistigh de 18 mí ón tráth a mbunaítear é agus an méid sin a bheith éigeantach trína lua go sonrach sna treoirlínte do SPC-anna.
- Méadú acmhainneachta i leith an Ráiteas Folláine a úsáid.
- Cosaint Sonraí.
- Dea-Rialachas.
- Róil agus Freagrachtaí.
- Oiliúint d'Ionadaithe, do Bhaill Rúnaíochta agus do Nascghrúpaí.
- An tAcht um Brústocaireacht.
- Beidh oiliúint Salesforce leanúnach.
- Oiliúint maidir le Soláthar Poiblí.
- Pleanáil Straitéiseach.
- Cumarsáid.
- Scileanna Éascaitheora.
- Meáin Shóisialta.
- Neartú Foirne agus Réiteach Coimhlinte.
- Dlí na Fostaíochta agus na nAcmhainní Daonna do Rúnaíochtaí.
- Forbairt Pobail.
- Oibriú Straitéiseach/Bainistíocht Ama.

Moltaí ón Údarás Áitiúil

- Paca caighdeánaithe oiliúna a fhorbairt.
- Sainoiliúint don Lucht Bainistíochta Sinsearach laistigh d'Údaráis Áitiúla.
- Oiliúint d'fhoireann Údaráis Áitiúil maidir leis an bhFís le haghaidh Folláine Phobail agus maidir leis na hiarmhairtí a leanann as an bhfís sin.
- Cosaint Sonraí.
- Méadú Acmhainneachta agus Beochan do ghrúpaí nach bhfuil chomh gníomhach le cinn eile.
- Rannpháirtíocht Phobail.
- Ról agus feidhm an PPN.
- Éagsúlacht agus frithchiníochas.
- Oiliúint ionduchtúcháin do gach ionadaí tofa.
- Oiliúint dhisciplín-sonrach d'fhoireann Údaráis Áitiúil i dtaobh conas is fearr déileáil le PPN-anna.
- Rialáil agus Rialachas Carthanas.
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach/clár oiliúna leanúnach d'fhoireann Údaráis Áitiúil maidir le PPN-ana.
- Caint Shoiléir a Úsáid.

Beartas agus Cinnteoireacht a dhéanamh i gComhpháirtíocht

Moltaí ón PPN

- Oiliúint d'Ionadaithe.
- Nascghrúpaí agus Grúpaí Téamacha do chomhroinnt faisnéise leis an Údarás Áitiúil ar bhealach struchtúrtha.
- Ionchur a bheith ag PPN maidir le Scéim nua an Choiste Beartais Straitéisigh.
- Tuilleadh méadaithe feasachta faoi ról agus feidhm na gCoistí éagsúla Údaráis Áitiúil.
- Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar ionchur ón PPN agus ar chur i bhfeidhm na n-ionchur sin ag Údaráis Áitiúla.
- Cruinnithe ráithiúla idir foireann PPN agus foireann an Údaráis Áitiúil.
- Tacaíocht don ionchur isteach i bhforbairt beartais.
- Tá an PPN le cinntí an Údaráis Áitiúil a scaipeadh ar a bhallraíocht.
- Cuirfidh Údaráis Áitiúla an clár oibre agus miontuairiscí na gcruinnithe ar fáil go tráthúil d'fhonn rannpháirtíocht níos forleithne a éascú.
- Prótacail agus teimpléid a chruthú d'Údaráis Áitiúla, d'Ionadaithe Toga agus d'Ionadaithe PPN-anna.
- Seisiúin foghlama réigiúnacha a fhorbairt.
- Coistí do dhéanamh deimhin de go mbíonn rochtain chomhionann agus deiseanna comhionanna ann i leith éisteacht a fháil ag cruinnithe..

Moltaí ón Údarás Áitiúil

- Amchlár le haghaidh cruinnithe Nascghrúpaí a fhorbairt.
- A chinntiú go bhfaigheann PPN-anna cumarsáidí tráthúla ón Údarás Áitiúil.
- A chumasú d'Údaráis Áitiúla faisnéis iomchuí a thíolacadh do Nascghrúpaí agus do Ghrúpaí Téamacha agus a chomhroinnt leo.
- Athbhreithniú Náisiúnta ar PPN-anna agus ar Choistí Beartais Straitéisigh (SPC-anna).
- Tráthú cruinnithe a athbhreithniú chun tacú le rannpháirtíocht ar mhodh a thacaíonn le teaghlaigh agus a chumasú d'oibrithe deonacha, a d'fhéadfadh a bheith ag obair, a bheith páirteach iontu.
- Prótacal Cumarsáide a fhorbairt idir na hÚdaráis Áitiúla agus na PPN-anna.
- A chinntiú go ndéanann an tÚdarás Áitiúil fógra faoi chinntí maidir le beartas a thabhairt do na PPN-anna.
- Téarmaí Tagartha a fhorbairt do gach Coiste.
- Déanfar tagairt don PPN sna Treoirlínte Roinne go léir á rá gur fóram rannpháirtíochta é.
- Liosta buanmhíreanna a chruthú le haghaidh cláir oibre cruinnithe.
- Tuilleadh cruinnithe rialta idir PPN-anna agus Údaráis Áitiúla.



AGUISÍNÍ

Ar ais chuig an Ábhar

AGUISÍN 1:
MIONSONRAÍ TEAGMHÁLA PPN (IÚIL 2019)

PPN	Ríomhphost	Láithreán Gréasáin
Ceatharlach	carlowppn@carlowcoco.ie	www.carlowppn.ie
An Cabhán	cavanppn@gmail.com	www.cavancommunity.ie
An Clár	sarah@clareppn.ie	www.clareppn.ie
Cathair Chorcaí	coordinator@corkcityppn.ie	www.corkcityppn.ie
Contae Chorcaí	ppn@corkcoco.ie	www.corkcountyppn.com
Dún na nGall	donegalppn@donegalcoco.ie	www.donegalcoco.ie/community/supportingcommunities/donegalpublicparticipationnetworkppn/
Cathair Bhaile Átha Cliath	ppn@dublincity.ie	www.dublincityppn.ie
Dún Laoghaire/Ráth an Dúin	enquiries@dlrppn.ie	www.dlrppn.ie
Fine Gall	info@fingalppn.ie	www.fingalppn.ie
Cathair na Gaillimhe	info@galwaycitycommunitynetwork.ie	www.galwaycitycommunitynetwork.ie
Contae na Gaillimhe	dfeeney@galwaycoco.ie	www.galwaycountyppn.ie
Ciarraí	ppn@kerrycoco.ie	www.kerryppn.ie
Cill Dara	kildareppn@gmail.com	www.kildareppn.ie
Cill Chainnigh	ppnkilkenny@kilkennycoco.ie	www.kilkennyppn.ie
Laois	ppn@laoiscoco.ie;	www.laoisppn.ie
Liatroim	info@leitrimppn.ie	www.leitrimppn.ie
Luimneach		www.limerickppn.ie
An Longfort	ppn@longfordcoco.ie	www.longfordppn.ie
Lú	mairead.murdock@louthcoco.ie	www.louthppn.ie
Maigh Eo	office@mayoppn.net	www.mayoppn.net
An Mhí	meathppn@meathcoco.ie	www.meathppn.ie
Muineachán	ppn@monaghancoco.ie	www.ppnmonaghan.ie
Uíbh Fhailí	ppn@offalycoco.ie	www.offalyppn.ie
Ros Comáin	info@roscommonppn.ie	www.roscommonppn.ie/
Sligeach	ppn@sligococo.ie	www.sligoppn.com/
Baile Átha Cliath Theas	mary@sdcppn.ie	www.sdcppn.ie/
Tiobraid Árann	ppntipperary@gmail.com	www.ppntipperary.org/
Port Láirge	mtobin@waterfordcouncil.ie	www.waterfordppn.ie
An Iarmhí	info@westmeathppn.ie	www.westmeathppn.ie/
Loch Garman	wexfordppn@wexfordcoco.ie	www.wexfordppn.ie
Cill Mhantáin	countywicklowppn@gmail.com	www.countywicklowppn.ie/

AGUISÍN 2:
FORLÉARGAS AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ PPN

PPN	An líon áiteanna Rúnaíochta a leithroinneadh	An líon Ionadaithe PPN	An líon Nascghrúpaí Gníomhacha	An líon Cruinnithe Comhlachta Iomlánaigh a seoladh	Caiteachas Iomlán (2018)	An líon r-Nuachtlitreacha a Ullmhaíodh	
Ceatharlach	8	21	6	2	91,322	12	
An Cabhán	12	29	5	2	73,829	12	
An Clár	10	22	5	2	84,324	12	
Cathair Chorcaí	6	21	1	3	88,178	20	
Contae Chorcaí	22	35		1	92,808	3	
Dún na nGall	19	54	8	1	80,050		
Cathair Bhaile Átha Cliath	9	24	1	2	78,367	42	
Dún Laoghaire/Ráth an Dúin	9	33	3	2	80,774	11	
Fine Gall	9	24	5	2	89,891	9	
Cathair na Gaillimhe	16	44	5	4	80,283	24	
Contae na Gaillimhe	11	41		2	67,657	0	
Ciarraí	10	21			95,988	1	
Cill Dara	11	25		1	52,152	7	
Cill Chainnigh	10	32	4	2	61,655	42	
Laois	12	27	12	2	79,213	12	
Liatroim	9	45	2	1	80,174	13	
An Longfort	9	41	14	5	80,001	30	
Lú	18	28	1	2	131,433	0	
Maigh Eo	14	20		2	78,615	20	
An Mhí	12	39	7	2	80,230		
Muineachán	17	34	1	4	80,190	2	
Uíbh Fhailí	9	22		2	80,436	28	
Sligeach	8	41	8	2	80,000	6	
Baile Átha Cliath Theas	12	25	13	1	33,455	0	
Tiobraid Árann	15	43	5	2	85,245	11	
Port Láirge	11	62	2	1	80,362	15	
An Iarmhí	8	25	3	2	122,699	7	
Loch Garman	10	22	12	2	83,450	34	
Cill Mhantáin	12	24	1	2	87,119	7	
Iomláin	**338**	**924**	**124**	**58**	**2,379,900**	**380**	

AGUISÍN 2:
FORLÉARGAS AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ PPN

	An líon Coistí Cinnteoireachta a bhfuil Suíochán ag an PPN orthu	Socrú Óstála	Ballraíocht Iomlán	Baill de chuid an Cholúin Uilechuim-sitheachta Sóisialta	Baill de chuid an Cholúin Comhshaoil	Baill de chuid an Cholúin Pobail
	9	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	379	40	9	330
	14	Ag oibriú mar chuideachta neamhspleách	240	70	25	145
	10	Óstáilte ag Eagraíocht Phobail eile	257	50	15	192
	8	Óstáilte ag Eagraíocht Phobail eile	146	82	10	54
	12	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	924	164	34	726
	22	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	516	35	13	468
	10	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	712	226	26	460
	9	Óstáilte ag Eagraíocht Phobail eile	494	88	14	392
	8	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	715	138	19	558
	20	Ag oibriú mar chuideachta neamhspleách	150	63	15	72
	9	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	815	111	15	689
	10	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	590	60	13	517
	9	Óstáilte ag Eagraíocht Phobail eile	826	113	23	690
	13	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	289	77	7	205
	13	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	480	62	9	409
	11	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	263	77	7	179
	16	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	298	43	5	250
	15	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	303	101	6	196
	10	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	611	112	45	454
	14	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	610	76	16	518
	16	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	436	69	37	330
	12	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	424	40	5	379
	13	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	506	55	17	434
	13	Óstáilte ag Eagraíocht Phobail eile	606	147	27	432
	16	Óstáilte go dtí deireadh Dheireadh Fómhair 2018, agus ina dhiaidh sin bhí sé curtha ar bun mar Chuideachta neamhspleách	1,434	163	25	1,246
	18	Ag oibriú mar chuideachta neamhspleách	646	111	28	507
	17	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	617	155	9	453
	12	Óstáilte ag an Údarás Áitiúil	319	61	10	248
	16	Óstáilte ag Eagraíocht Phobail eile	240	56	18	166
	375		**14,846**	**2,645**	**502**	**11,699**

AGUISÍN 3:
SAMPLAÍ COMHAIRLIÚCHÁIN

Ceatharlach

I mí na Samhna 2017, chuir PPN Cheatharlach tús le tionscadal a raibh sé mar aidhm aige feabhas a chur ar an mbealach ina dtéitear i gcomhairle le pobail áitiúla maidir le saincheisteanna éagsúla laistigh den chontae agus doiciméad soláimhsithe maidir le comhairliúchán éifeachtach a fhorbairt agus a ullmhú. Bhí deis ag 380 ballghrúpaí/balleagraíochtaí ionchur a sholáthar don phróiseas ar lena a linn a seoladh cruinnithe fócasghrúpaí go luath sa bhliain 2018. Ina theannta sin, chuaigh PPN Cheatharlach i gcomhairle lenár gcuid pobal nua, le hoibrithe sláinte lucht siúil, le baill de chuid Chomhairle na nÓg, le lucht bainistíochta Chomhairle Chontae Cheatharlach agus le comhaltaí tofa áitiúla.

An Cabhán

Rinneadh comhairliúcháin a rinne eagraíochtaí agus a cuireadh faoi bhráid an PPN a chur ar aghaidh chuig na baill i gcónaí. D'óstáil Nascghrúpaí comhairliúcháin eile, amhail comhairliúchán faoi stáisiún cumhachta núicléiche nó faoin Idirnascaire Thuaidh-Theas, le go bhféadfadh na baill aighneachtaí dá gcuid féin a cheapadh.

An Clár

Chuir PPN an Chláir aighneacht ar fáil maidir leis an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil. D'fhreastail PPN an Chláir ar an gcruinniú oscailte faoin Straitéis maidir le Spásúlacht Mhuirí agus scaipeadh na doiciméid chomhairliúcháin ar na baill. D'fhreastail ionadaithe PPN an Chláir ar an Idirphlé Aeráide i dTrá Lí i mí na Samhna 2018. Rinneadh Páipéar Saincheisteanna thionól Réigiún an Deiscirt a chur ar fáil inár mbunachar sonraí.

D'fhreastail ionadaithe PPN an Chláir ar Fhócasghrúpa Éire Ildánach. Rinne Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agallamh le ceathrar dár n-ionadaithe mar chuid de thaighde faoi PPN-anna.

Cathair Chorcaí

Úsáideadh an nuachtlitir choicísiúil PPN chun mionsonraí faoi chomhairliúcháin a bhí á seoladh ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn áitiúil a dháileadh.

Bhain an comhairliúchán is suntasaí a reáchtáil an PPN i mbliana le Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta Thionól Réigiún an Deiscirt. Tar éis plé a dhéanamh sa Choláiste Comhshaoil, rinne PPN Chathair Chorcaí teagmháil le PPN-anna eile i Limistéar Thionól Réigiún an Deiscirt (10 gcinn ar fad) á thairiscint dóibh sainseisiún faisnéise comhairliúcháin a éascú agus a óstáil i gCorcaigh go luath sa bhliain 2018. Bhí baill foirne de chuid an Tionóil Réigiúnaigh i láthair agus thug siad cur i láthair faoi na príomh-shaincheisteanna a bhí ag teacht chun cinn sna príomhréimsí beartais a bhí le bheith san áireamh sa doiciméad a bhí idir lámha agus, chomh maith leis sin, thug ionadaithe ó Choláistí Comhshaoil as áiteanna ar fud an chontae cur i láthair freisin. Mar thoradh ar an bplé a bhí ann le linn an chruinnithe sin, scríobh PPN Chathair Chorcaí dréachtfhreagra comhairliúcháin agus dáileadh an doiciméad sin ar ár PPN-anna sa réigiún lena scaipeadh ar na líonraí éagsúla agus le freagra agus aiseolas a fháil ina leith. Chuir PPN Chathair Chorcaí an leagan críochnaitheach faoi bhráid an Tionóil Réigiúnaigh.

Tríd an gcur chuige sin a ghlacadh i leith comhairliúchán réigiúnach bhíothas in ann freagra tomhaiste ardchaighdeáin a chur ar fáil laistigh d'amscála dúshlánach ach rud níos suntasaí ná sin ab ea gur lig an modh a úsáideadh dúinn an leas ab éifeachtúla agus ab fhéidir a bhaint as acmhainní i gcás na PPN-anna go léir a bhí i gceist. Thug na líonraí aitheantas don líon mór tosaíochtaí comhchoiteanna a bhí ag a mbaill agus do na deiseanna chun sruthlíniú a dhéanamh ar phróisis chomhairliúcháin.

Ina theannta sin, ghlac PPN Chathair Chorcaí páirt i gcomhairliúcháin le foghrúpaí de chuid an líonta agus d'éascaigh sé comhairliúchán le grúpaí ina raibh ardleibhéal ionadaíochta ag an PPN. Mar shampla, chomhordaigh, rinne an PPN comhairliúchán maidir le dálaí maireachtála in ionaid soláthair dhírigh a chomhordú, a éascú agus a dhréachtú i gcomhar le gluaiseacht Chathair Thearmainn Chorcaí.

Contae Chorcaí

Ghlac PPN Chontae Chorcaí páirt sna comhairliúcháin seo a leanas: Cumarsáid poiblí na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnacht Chuí (AA) i leith an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda - Straitéis Idirghabhála. De bhreis air sin, comhairliúchán na Roinne maidir le faisnéis uasdátaithe faoina Léarscáil Leathanbhanda Ardluais. An Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta. Plean Forbartha Fháilte Éireann i leith Eispéireas Cuairteoirí le haghaidh Réigiún na dTrí Cheann Tíre. Todhchaí an Rialtais 2030+ Dearcadh Saoránach-Lárnach maidir le Rialtas Oscailte. An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus Ghluaiseacht Eorpach Chorcaí | Idirphlé na Saoránach maidir le Todhchaí na hEorpa. Maoiniúchán agus Beartas Eorpach: Plé Idirghníomhach in éineacht le Liadh Ní Riada, MEP. Comhairliúchán an Tascfhórsa ar Uaigneas. Lá Oscailte Ionad Garraíodóireachta Griffin le haghaidh Grúpaí Bailte Slachtmhara agus Grúpaí Cónaitheoirí. *What women want, what women get* – sraith cainteanna faoi Staidéir Bhan san Ionad Oideachais Leantaigh d'Aosaigh (ACE) i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Foilseachán de chuid *Heritage Europe* agus Contae Chorcaí - Iorgaíodh rannpháirtíocht an phobail maidir leis an bhfoilseachán seo. *Celtic Interconnector* - Comhairliúchán Aonad Faisnéise Soghluaiste Eirgrid in Oirthear Chorcaí. Comhairliúchán turas bus maidir le hIoncam Íosta Eorpach a reáchtáil an Líonra Eorpach Frithbhochtaineachta.

Suirbhé Náisiúnta maidir le Rochtain ar Iompar. Taighde na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) maidir le heispéireas saoránach i leith Stoirm Emma - suirbhé. Comhairliúchán maidir le hAthbhreithniú Bunlíne ar Mhaoiniúchán Rialtais Áitiúil.

Comhairliúchán na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobal i leith 'Bí Ullamh don Gheimhreadh'. Ceilp a bhaint go meicniúil i mBá Bheanntraí - taighde máistreachta de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh - comhairliúchán áitiúil.

Comhairliúchán turasóireachta pobail maidir le cábla-charr Oileán Baoi. Ceardlann chomhairliúcháin maidir le hÉirinn a ullmhú le haghaidh Breatimeacht. Ceardlanna comhairliúcháin Choiste Comhairleach Chomhairle Chathair Chorcaí maidir le Séadchomharthaí Stairiúla, dar teideal *'Conservation of Historic Ruins'. Moving in the Right Direction:* Cúig shiompóisiam maidir le freastal ar riachtanais leanaí ar dídeanaithe iad - an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí. Na Spriocanna maidir le Forbairt Inbhuanaithe - impleachtaí d'Éirinn agus don domhan i gcoitinne - comhairliúchán áitiúil. Comhairliúchán Poiblí maidir le Straitéis Náisiúnta Dhigiteach nua na hÉireann. Cruinniú pobail - Dobharcheantar Abhainn Ealla. Comhairliúchán maidir le hathruithe séasúracha an chloig. Straitéis na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail maidir le Straitéis Náisiúnta i leith Obair Dheonach - iarraidh ar ionchur.

Dún na nGall

Ghlac PPN Dhún na nGall páirt sna comhairliúcháin seo a leanas: Póilíneacht in Éirinn sa Todhchaí, an Straitéis Spásúlachta Muirí, Leathanbhanda Náisiúnta, Gníomhú ar son na hAeráide, Obair Dheonach Náisiúnta, Breatimeacht, Leabharlann Náisiúnta, Dréacht-Phlean Áitiúil Forbartha Contae, Pleananna Ceantair Áitiúil - Leitir Ceanainn/Bun Cranncha, Bóithre - Ten T, Tionscadal Abhann - Tionscadal Trasteorann, Tionscadal HERICOAST, an tÚdarás Uiscí Áitiúla.

Cathair Bhaile Átha Cliath

Tugtar cuireadh chuig gach comhairliúchán tosaigh do na baill go léir. Tá tinreamh íseal tugtha faoi deara.

Dún Laoghaire/Ráth an Dúin

I measc na gcomhairliúchán áitiúil a chuireamar in iúl go díreach do bhaill PPN áiríodh Dréacht-Phleananna Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Ógáin & an Cheantair Máguaird agus Dhún Droma, suirbhé u ndáil le forbairt 'Éire Shláintiúil' sa chontae, suirbhé thar ceann na Comhpháirtíochta Spóirt áitiúla agus Dréacht-Mháistirphlean Pháirc Mharlaí.

Rinneamar cuid mhór oibre ar Bus Connects-Comhairliúchán maidir le hAthdhearadh Líonra Bus Limistéar Bhaile Átha Cliath-sa tréimhse Iúil' Meán Fómhair, á chinntiú go raibh na baill go léir ar an eolas faoi sin agus faoi na seisiúin phoiblí faisnéise agus iad á gcoinneáil cothrom le dáta le hathruithe ionaid. Ina theannta sin, d'éirigh linn cóipeanna clóite den fhaisnéis chomhairliúcháin a fháil ón Údarás Náisiúnta Iompair agus d'oibríomar ansin le Leabharlanna Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin chun na pacaí faisnéise a chur ar fáil i roinnt leabharlann áitiúil. Chomh maith leis sin, d'oibríomar le Líonra na nDaoine Scothaosta chun a gcuid ball a chur ar an eolas go raibh an fhaisnéis ar fáil sna leabharlanna áitiúla. D'fhreastail an bainisteoir PPN agus cuid de bhaill na Rúnaíochta ar na seisiúin phoiblí faisnéise.

Rinneamar faisnéis faoi thart ar 15 chomhairliúchán áitiúla agus 18 gcomhairliúchán náisiúnta a chomhroinnt inár ríomhiris.

Fine Gall

- Thabharfadh Nascghrúpaí freagra ar chomhairliúchán poiblí dá gceapfaidís go raibh tuairim láidir acu maidir leis an ábhar a bhí i gceist.
- D'fhreastalódh Ionadaithe PPN ar imeachtaí comhairliúcháin ad-hoc dá mbeadh na himeachtaí bainteach lena ról.
- Dhéanfadh an PPN imeachtaí comhairliúcháin a óstáil in éineacht le hoifigigh iomchuí chun aiseolas a fháil ó Nascghrúpaí.

Cathair na Gaillimhe

Tá múnla le haghaidh forbairt aighneachtaí forbartha agus glactha ag GCCN. Bíonn gach aighneacht de chuid GCCN bunaithe ar dhoiciméad GCCN maidir le Beartais agus Seasaimh, ar doiciméad é a d'fhorbair agus a ghlac baill GCCN.

Tar éis faisnéis faoi phróiseas comhairliúcháin a scaipeadh, nó tar éis iarraidh a dhéanamh ar aighneachtaí, eagraíonn GCCN ceardlann/cruinniú téamach maidir leis an tsaincheist. Déantar sin tríd an Nascghrúpa/trí na Nascghrúpaí lena mbaineann nó trí iarraidh ghinearálta.

Déanann an t-oibrí acmhainní dréacht-aighneacht nó dréacht-pháipéar a ullmhú ansin agus scaiptear sin chun tuairimí a fháil ina leith sula dtíolactar an doiciméad críochnaitheach.

Tar éis faisnéis faoi phróiseas comhairliúcháin a scaipeadh, nó tar éis iarraidh a dhéanamh ar aighneachtaí, eagraíonn GCCN ceardlann/cruinniú téamach maidir leis an tsaincheist. Déantar sin tríd an Nascghrúpa/trí na Nascghrúpaí lena mbaineann nó trí iarraidh ghinearálta. Déanann an t-oibrí acmhainní dréacht-aighneacht nó dréacht-pháipéar a ullmhú ansin agus scaiptear sin chun tuairimí a fháil ina leith sula dtíolactar an doiciméad críochnaitheach. Sa bhliain 2018, scaip GCCN faisnéis faoi gach comhairliúchán de chineál áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Tar éis dáileadh na faisnéise, rinne GCCN na haighneachtaí seo a leanas sa bhliain 2018:

- Gaillimh Shláintiúil
- Forbairt Ráiteas an Choiste Áitiúil Forbartha Pobail maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine
- Aighneacht maidir leis an bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta i leith UIlechuimsitheacht Shóisialta
- Aighneacht maidir leis an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta
- Aighneacht maidir le Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe-N6
- Aighneacht maidir leis an Straitéis i leith an Fhearainn Phoiblí
- Aighneacht maidir le hAthghiniúint Oileán Altanach
- Aighneacht maidir leis an Dréacht-Phlean i leith Bainistíocht Eastát
- Aighneachtaí maidir leis an athbhreithniú ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail agus maidir le forbairt Plean Forfheidhmiúcháin
- Aighneacht maidir leis an ngá le hOifigeach Bithéagsúlachta i gCathair na Gaillimhe
- Aighneacht maidir leis na hOibreacha ar an gCanáil

Contae na Gaillimhe

Trí chruinnithe chomhlacht iomlánach MD, trí na príomhchruinnithe de chuid an chomhlachta iomlánaigh, trí oícheanta faisnéise na Scéime Tacaíochta Pobail, trí sheisiúin oiliúna tráthnóna, trínár gcuid teachtaireachtaí ríomhphoist, agus trí imeachtaí a eagraíonn grúpaí reachtúla agus neamhreachtúla eile agus GCC.

Ciarraí

I measc na samplaí de Chomhairliúcháin áirítear an méid seo a leanas:

- Aighneachtaí chuig Tionól Réigiún an Deiscirt maidir leis an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta.
- Straitéis Aoisbhá Chiarraí.
- I gcomhar le Cónaidhm na hÉireann um Míchumas, comhairliúchán maidir le Rochtain do Chách.

Cill Dara

Seiceálacha Sláinte Baile & Sráidbhaile i Maigh Nuad, i gClaonadh agus i gCill Choca. Bhí 12 chruinniú san iomlán ann ina leith seo agus PPN Chill Dara a d'eagraigh iad. Éascaíodh an chéad chruinniú do gach grúpa MD.

Cill Chainnigh

Comhairliúcháin a Fógraíodh:

Aighneacht PPN maidi9r leis an gCreat Náisiúnta Pleanála; Athbhreithniú ar Sholáthar Oideachais Lasmuigh den Scoil 20/3/18 CYPCS; an Tascfhórsa maidir le hUaigneas, 21 Márta 2018; Plean Alt 38 maidir le Dearadh Rower; Aighneachtaí Thionól Réigiún an Oirdheiscirt maidir leis an gcreat pleanála; Gníomh 88 de Phlean DEIS 2017; Straitéis Náisiúnta Dhigiteach nua na hÉireann; Plean Póilíneachta Dúiche Chill Chainnigh 2019; Comhairliúchán maidir leis an bPlean Náisiúnta Oidhreachta.

D'fhreastail an tOibrí Acmhainní ar chomhairliúcháin/chruinnithe mar ionadaí don PPN:

Cruinniú 'Rochtain do Chách' ar an 05/03/18; Cruinniú Oibre 'Rochtain do Chách' ar an 26/02/18; Cruinniú Coiste 'Rochtain do Chách' ar an 20/3/18; Grúpa Oibre Uilechuimsitheachta Sóisialta ar an 25/01/18; Grúpa Oibre Uilechuimsitheachta Sóisialta ar an 11/4/18; Líonra Comhshaoil ar an 12/04/18; Cruinniú coiste 'Rochtain do Chách' ar an 26/04/18; Cruinniú den Ghrúpa Oibre Uilechuimsitheachta Sóisialta ar an 28/06/18; Cruinniú coiste 'Rochtain do Chách' ar an 04/07/18; Cruinniú de thionscnamh an bhaile aoisbháúil in 07/18; Cruinniú coiste 'Rochtain do Chách' ar an 16/06/18; Cruinniú Coiste Baile Fiontraíochta ar an 27/07/18; Cruinniú Coiste Baile Fiontraíochta ar an 17/08/18; Grúpa Oibre Uilechuimsitheachta Sóisialta ar an 28/10/18; Cruinniú coiste 'Rochtain do Chách' ar an 06/12/18; Cruinniú Aoisbhá ar an 10/12/18; Cruinniú 'Cill Chainnigh - Contae Aoisbháúil' ar an 13/12/18.

Seo a leanas aighneachtaí a rinneadh sa bhliain 2018:

Aighneacht ón PPN maidir leis an gCreat Náisiúnta Pleanála ar an 19/01/18; Aighneacht PPN Chill Chainnigh maidir le RSES; Ceardlann maidir le Pleanáil Náisiúnta Spásúlachta ar an 19/01/18; Lainseáil *Eurobugs Kilkenny* ar an 09/01/18; Plean Oibre maidir le Straitéis Chomhairliúcháin i leith 'Rochtain do Chách' ar an 7/02/18; Ceardlanna 'Éire Shláintiúil' ar fhreastail 2 ionadaí PPN orthu ar an 14/2/18; Ceardlanna 'Éire Shláintiúil' ar fhreastail ionadaithe PPN orthu ar an 26/2/18; *Community Work Ireland* - ceardlann fhrithbhochtaineachta Fhóram na hUilechuimsitheachta Sóisialta i leith aighneacht a dhréachtú ar an 25/04/18; Ceardlann 'Rochtain do Chách' i gcomhair leis an gCoiste ar an 15/05/18; Lainseáil na straitéise maidir le himircigh ar an 26/07/18; Lá Moltóireachta Ghradaim na mBailte Fiontraíochta ar an 20/08/18; Comhdháil '*Community Connects*' i gCill Chainnigh ar an 10/10/18 agus é páirtmhaoinithe ag an PPN; Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas ar an 03/12/2018.

Laois

Bí Ullamh don Gheimhreadh, Comhairliúchán maidir le hAthrú Séasúrach an Chloig, Dréacht-Phlean Bainistíochta Bruscair 2018-2020, An Straitéis Náisiúnta maidir le hOIbrithe Deonacha, Straitéis Leabharlainne Laoise, Plean maidir le Laois Shláintiúil 2018-2020, Comhairliúchán *Greenpire* - Eastát Choill Mhinsí.

Liatroim

I rith na bliana 2018, sheol PPN Liatroma mórchomhairliúchán amháin maidir le Foraoiseacht i Liatroim agus ba é ab aidhm dó sin ná deis a thabhairt do dhaoine a dtuairimí a thaifeadadh lena dtíolacadh do Choiste Beartais Straitéisigh Liatroma le haghaidh Forbairt Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Pleanála. Is é a bhí i gceist leis an gcomhairliúchán ná suirbhé ar líne agus cruachóipe a scaipeadh le ríomhphost, leis an ngnáthphost, i leabharlanna contae agus le linn cruinnithe poiblí. Mhair an comhairliúchán ó mhí na Samhna 2018 go deireadh mhí Eanáir 2019 agus tá na torthaí le tiomsú fós.

Rinneadh comhairliúcháin náisiúnta agus comhairliúcháin áitiúla a eisiúint ar an láithreán gréasáin agus tarraingíodh aird orthu i nuachtlitreacha agus tugadh spreagadh do bhaill na saincheisteanna a bhreithniú agus aighneachtaí a chur ar fáil go háirithe i gcás ina raibh sé éasca iad a dhéanamh trí bhíthin suirbhéanna ar mhodh ceistneora. Comhoibriú le hoibrithe SICAP de chuid Chuideachta Forbartha Áitiúla Liatroma chun imeachtaí comhairliúcháin a phoibliú agus chun cúnamh a thabhairt maidir le haighneachtaí.

An Longfort

Ghlac Grúpaí PPN páirt san Athbhreithniú ar Straitéis Idirchultúir an Longfoirt. Chuathas i gcomhairle le Líonra Míchumais an PPN sular chuir DFI Oiliúint Feasachta Míchumais ar fáil d'Fhoireann na Comhairle. Chuathas i gcomhairle le grúpaí PPN maidir le hobair Athghiniúna i.e. Dún Uí Chonghaile. Bhí comhairliúchán ann freisin i ndáil le Plean Gníomhaíochta Comhtháite an Longfoirt. Sheol an PPN comhairliúcháin i measc a bhall i ngach Ceantar Bardasach chun forbairt a dhéanamh a gcuid Físeanna maidir le Folláine a gCeantair Bhardasaigh agus an Chontae. Cuireadh torthaí na bhFíseanna maidir le Folláine san áireamh i Straitéis Siúil/Rothaíochta Chomhairle Chontae an Longfoirt agus i bPlean 'Longfort Sláintiúil'. Chuathas i gcomhairle le Grúpaí PPN maidir le bunú Meithleacha Baile agus ghlac siad páirt i mbunú na meithleacha sin

Lú

Comhairliúchán Comhshaoil maidir le leathnú Chlár Núicléach na Ríochta Aontaithe.

Maigh Eo

Plean Ealaíon Chomhairle Chontae Mhaigh Eo
Suirbhé/Comhairliúchán i measc Oibrithe Deonacha

An Mhí

Lár Bhaile Chill Dhéagláin, imeacht faisnéise, Comhairliúchán Réamhdhréachta maidir leis an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta gus Eacnamaíochta do Réigiún an Oirthir agus Lártíre, Comhairliúchán Poiblí maidir leis an Straitéis Idirghabhála i leith an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, Straitéis maidir le Fearann Poiblí Chill Dhéagláin, *Give your views on Mental Health Reform*, Comhairliúchán Poiblí faoi Chúrsaí Comhshaoil i ndáil le Gléasra Cumhachta Núicléice Hinkly Point C, in Bridgwater, Somerset, an Ríocht Aontaithe, Comhairliúchán maidir le hUaigneas, Plean Bainistíochta Caomhantais Chnoc na Teamhrach, Comhairliúchán maidir le Bochtaineacht agus Uilechuimsitheacht Shóisialta, Comhairle maidir le Scéim Bhóthar Nua na hUaimhe, Dréacht-Straitéis Chomhairle Chontae na Mí maidir le Gníomhaíocht Aeráide, Cónaitheoirí Oaklawn agus Bhaile na Gaoithe, an Uaimh, Cruinniú P:oiblí, Póilíneacht i do Chomharsanacht

An Straitéis Náisiúnta Dhigiteach, Athrú Séasúrach an Chloig, Bealach Rothaíochta na hUaimhe, Comhairliúchán *Meath Befrienders*, Comhairliúchán Uilechuimsitheachta Sóisialta maidir le Bochtaineacht, An Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, Idirphlé Shaoránaigh na MÍ maidir le Todhchaí na hEorpa

Cad is ceart a bheith ann i mBilleog 'Bí Ullamh don Gheimhreadh', Athbhreithniú ar Mhaoiniúchán Rialtais Áitiúil, *Trim Family Resource Centre Want Your Views*, Dréacht-Phlean Bainistíochta Trá & Ráiteas Tionchair Natura (NIS) don Inse, do Bhaile an Bhiataigh & do Bhaile Uí Mhornáin, An Straitéis Náisiúnta maidir le hObair Dheonach, An Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (RSES), Pleanáil i gcomhair teagmhais aimsire gan choinne.

Muineachán

Chuir PPN Mhuineacháin na baill ar an eolas faoi 17 gcomhairliúchán éagsúla. Maidir leis na comhairliúcháin sin, bhain cuid acu le comhairliúcháin ón údarás áitiúil amhail Scéim CCTV Mhuineacháin, Forbairt Pháirc Bhaile Bhéal Átha Beithe agus Dréacht-Phlean Forbartha an Chontae. Thug an roinn pleanála cur i láthair le linn cruinniú iomlánach maidir leis an Dréacht-Phlean Forbartha. Cé go gcuireann ranna údaráis áitiúil a gcuid comhairliúchán in iúl don PPN, ní thugann ach líon an-bheag díobh cuireadh don PPN bualadh leo le linn ceardlann/trí bhíthin suirbhé etc. Chuir Muineachán roinnt Comhairliúchán Náisiúnta in iúl do na baill, amhail Póilíneacht in Éirinn sa Todhchaí agus an Straitéis Náisiúnta maidir le hObair Dheonach. Ina theannta sin, chuireamar comhairliúchán eagraíochtaí eile chun cinn amhail feachtas HSE dar teideal Little Things Matter agus Straitéis '*For Women*' de chuid 'Dóchas'.

Uíbh Fhailí

Dáileadh faisnéis trí *Salesforce* agus ar Mheáin Shóisialta maidir le himeacht comhairliúcháin i leith 'Éire Shláintiúil' - chuir an PPN an deis chun cinn agus d'eagraigh sé busanna chuig ionad an imeachta. 4 cinn d'imeachtaí comhairliúcháin áitiúil maidir le hAoisbhá. Suirbhé Oifig Fiontar Áitiúil Uíbh Fhailí. Comhairliúcháin Uiscebhealaí Éireann i dtrí Cheantar Bhardasacha. Comhairliúcháin Spórt Éireann.

Sligeach

Déantar an fhaisnéis ar fad faoi chomhairliúcháin a dháileadh ar mheáin shóisialta nó ar mhodh ríomhphoist: I gcás ina raibh gá leis, éascaíodh cruinnithe le haghaidh grúpaí sainleasa, ullmhaíodh aighneachtaí i scríbhinn maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Míchumais, straitéis 'Éire Ildánach' agus straitéis Leabharlainne, eagraíodh comhairliúchán faoin straitéis maidir le Míchumas, an Straitéis Náisiúnta maidir le hObair Dheonach.

Tiobraid Árann

Rannchuidigh Ionadaithe PPN an Choiste Áitiúil Forbartha Pobail le haighneacht a ullmhú i leith an Chreata Náisiúnta Pleanála. Aighneacht ó Rúnaíocht PPN maidir leis an treoir d'úsáideoirí PPN. D'fhreastail baill na Rúnaíochta agus an tOibrí Acmhainní ar chruinnithe comhairliúcháin RSES agus rannchuidigh siad le comhaighneacht ón Deisceart. Bhí comhairliúchán 'Tiobraid Árann Shláintiúil' ann le linn ár gcruinnithe iomlánaigh maidir le 'Sláinte agus Folláine'.

Port Láirge

Cuirtear in iúl do bhallghrúpaí comhairliúcháin Náisiúnta agus Áitiúla trí theachtaireachtaí ríomhphoist nó ar na meáin shóisialta. Tá réimse againn ar ár nuachtlitir le haghaidh le haghaidh Comhairliúchán. Déanfaidh Ionadaithe agus Oibrithe iarracht, más féidir, freastal a dhéanamh ar chomhairliúcháin ach beidh sé sin ag brath ar an ionad agus, más rud é nach féidir freastal a dhéanamh, cuirfimid aighneacht ar fáil thar ceann an PPN.

An Iarmhí

Chuaigh PPN na hIarmhí i gcomhairle lena mbaill maidir leis na nithe seo a leanas: PLEAN FORBARTHA CHONTAE NA hIARMHÍ 2020-2026, Comhairliúchan maidir le hAthrú Séasúrach an Chloig, Dréacht-Abhanntrach, Léirithe Spéise – Clóis Súgartha, Todhchaí na Póilíneachta in Éirinn, feachtas faisnéise poiblí maidir le 'Éire a Ullmhú le haghaidh Breatimeacht', *Have your Say* - Ceistneoirí maidir le Scéimeanna Pobail agus Fostaíochta & maidir le LEADER, *New Heritage Ireland Plan 2030*, Saincheisteanna atá le hardú ag an PPN os comhair Cheantair Bhardasacha na hIarmhí i Meán Fómhair 2018, Straitéis Leabharlainne Náisiúnta, suirbhé Clúdaigh Shoghluaiste, an Straitéis Náisiúnta maidir le hObair Dheonach –2018, Ullmhú Phlean Forbartha Chontae na hIarmhí 2020-2026, Comhairliúchán Poiblí - Ealaíona, Eire Ildánach. & Leabharlanna, Comhairliúchán Poiblí maidir leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda, Comhairliúchán Poiblí maidir le Straitéis Dhigiteach nua na hÉireann, Cruinniú Poiblí Faisnéise - An Treoir maidir leis an gCreat-Treoir Uisce, Cruinnithe Poiblí - Bailte & Sráidbhailte (18 gcinn san iomlán) , Comhairliúchán Seirbhíse Poiblí, Idirphlé Réigiúnach faoi Athrú Aeráide - Tionól Saoránach: Baile Átha Luain, an 23 Meitheamh, Gormbhealach na Canálach Ríoga, Comhairliúchán maidir le Feasacht ar Fhéinmharú, Próiseas Comhairliúcháin maidir le Plean Gníomhaíochta i leith Cosc Féinmharaithe, Suirbhé - *Why don't you Drink!!*, Suirbhé maidir le Cúram Baile,

Cruinnithe poiblí na hOifige Uiscí agus Pobal i leith na bPleananna Baile & Sráidbhaile atá le teacht, Plean Oidhreachta na hIarmhí - Cruinnithe Poiblí, Plean Gníomhaíochta PPN na hIarmhí 2018-19, An Plean Oidhreachta do Chontae na hIarmhí.

Loch Garman

Chuir PPN Loch Garman ionadaithe chuig imeachtaí comhairliúcháin RSES. D'fhreastail Oibrí Acmhainní PPN Loch Garman ar an imeacht faisnéise faoi Phleanáil Spásúlachta Muirí sa Chill Mhór. Bhí PPN Loch Garman i measc na PPN-anna a bhí páirteach in aighneacht réigiúnach PPN maidir le hAighneacht an Pháipéir Saincheisteanna RSES i mí Feabhra 2018.

Cill Mhantáin

De réir na rudaí a d'fhoghlaimíomar ónár gcomhairliúcháin agus ó chaidreamh le daoine tá aighneachtaí ullmhaithe againn maidir leis na nithe seo a leanas: Athbhreithniú Bunlíne ar an Maoiniúchán Rialtais Áitiúil, an Comhairliúchán Poiblí Trasteorann Comhshaoil maidir le Gléasra Cumhachta Núicléiche Hinkley Point C, agus an réacht-Chód Iompair do Dhaoine a ghabhann do Ghníomhaíochtaí Brústocaireachta. Is féidir teacht ar na haighneachtaí ar ár láithreán gréasáin.

Ina theannta sin scríobhadh chuig Ionadaithe Tofa agus chuig an bPríomhfheidhmeannach ag deireadh na bliana chun moltaí/tograí a thabhairt dóibh maidir le 3ú lána ar an N11 agus maidir leis an gComhairliúchán Poiblí Trasteorann Comhshaoil i leith Ghléasra Cumhachta Núicléiche Wylfa Newydd. Is féidir teacht ar an ábhar sin ar ár láithreán gréasáin freisin.

Reáchtáil PPN Chontae Chill Mhantáin 11 cheardlann agus 5chomhairliúchán ar líne agus fuarthas 2 aighneacht ó ghrúpaí pobail agus ó bhaill maidir le forbairt a dhéanamh ár bhFís maidir le Folláine Pobail i leith gach ceann ar leith de na 5 Cheantar Bhardasacha i gCill Mhantáin agus don chontae ina iomláine.

Reáchtálann Contae Chill Mhantáin comhairliúchán/suirbhé bliantúil i measc na mball mar mheasúnú ar obair na bliana agus chun obair na bliana dár gcionn a stiúradh.